**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0142/2024**

21.3.2024

# ***I
# TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/105/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise)
(COM(2023)0415 – C9-0237/2023 – 2023/0228(COD))

An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

Rapóirtéir: Herbert Dorfmann



Aontaithe san éagsúlacht

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**


DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................4

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ...........................................................................................42

IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR...........................................................................................43

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM AN GCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA...........................................................................................45

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ....................................................72

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........73

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/105/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise)**
**(COM(2023)0415 – C9-0237/2023 – 2023/0228(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0415),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0237/2023),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Nollaig 2023[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A9-0142/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] IO C, C/2024/1583, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1583/oj?locale=ga.

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Cumhdaítear 45 % de limistéar talún an Aontais le foraoisí agus comhlíonann siad ról ilfheidhmeach lena gcuimsítear feidhmeanna sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil, éiceolaíocha agus cultúrtha. Tá feidhm phríomhordúil mar linn charbóin ag foraoisí sa bheartas maidir leis an maolú ar an athrú aeráide. Tá ábhar atáirgthe foraoise atá d'ardcháilíocht, oiriúnaithe don aeráid agus ***éagsúil*** fíor-riachtanach chun na riachtanais sin a chumhdach. | (2) Cumhdaítear 45 % de limistéar talún an Aontais le foraoisí agus comhlíonann siad ról ilfheidhmeach lena gcuimsítear feidhmeanna sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil, éiceolaíocha agus cultúrtha. Tá feidhm phríomhordúil mar linn charbóin ag foraoisí***, i measc feidhmeanna eile,*** sa bheartas maidir leis an maolú ar an athrú aeráide. Tá ábhar atáirgthe foraoise atá d'ardcháilíocht, oiriúnaithe don aeráid agus ***éagsúlaithe*** fíor-riachtanach chun na riachtanais sin a chumhdach. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Is é is aidhm do Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 bithéagsúlacht an Aontais a chur ar bhóthar an téarnaimh faoi 2030. Faoi chuimsiú na straitéise sin, tá reachtaíocht an Aontais le caomhnú éagsúlachta speiceas a chur i dtábhacht agus éagsúlacht ard ghéiniteach a áirithiú laistigh de speicis agus luchtóga síolta. Is é is aidhm dó sin soláthar ábhair atáirgthe foraoise d'ardcháilíocht agus atá ***éagsúil*** go géiniteach agus atá oiriúnaithe do dhálaí aeráide reatha agus dálaí aeráide réamh-mheasta don todhchaí a éascú. Maidir le caomhnú agus feabhsú bhithéagsúlacht na bhforaoisí, lena n-áirítear éagsúlacht ghéiniteach crann, tá siad fíor-riachtanach i ndáil le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí agus chun tacú le hoiriúnú foraoisí don athrú aeráide. Ba cheart speicis chrainn agus hibridí saorga faoin Rialachán seo a bheith oiriúnach ó thaobh cúrsaí | (8) Is é is aidhm do Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 bithéagsúlacht an Aontais a chur ar bhóthar an téarnaimh faoi 2030. Faoi chuimsiú na straitéise sin, tá reachtaíocht an Aontais le caomhnú éagsúlachta speiceas a chur i dtábhacht agus ***cáilíocht ard ghéiniteach*** agus éagsúlacht ard ghéiniteach a áirithiú laistigh de speicis agus luchtóga síolta. Is é is aidhm dó sin soláthar ábhair atáirgthe foraoise d'ardcháilíocht agus atá ***éagsúlaithe*** go géiniteach agus atá oiriúnaithe do dhálaí aeráide reatha agus dálaí aeráide réamh-mheasta don todhchaí a éascú. Maidir le caomhnú agus feabhsú bhithéagsúlacht na bhforaoisí, lena n-áirítear éagsúlacht ghéiniteach crann, tá siad fíor-riachtanach i ndáil le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí agus chun tacú le hoiriúnú foraoisí don athrú aeráide. Ba cheart speicis chrainn agus hibridí saorga faoin Rialachán seo a |

géiniteacha de do na dálaí áitiúla agus ba cheart iad a bheith ar ardcháilíocht.

bheith oiriúnach ó thaobh cúrsaí géiniteacha de do na dálaí áitiúla agus ba cheart iad a bheith ar ardcháilíocht.

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17a) Chun cáilíocht na síolta a choinneáil, ba cheart na pacáistí a dhearadh sa chaoi nach mbeidh siad neamhfhóinteach a luaithe a osclaítear iad, lena n-áiritheofaí go mbeidh úsáideoirí ar an eolas faoi aon chur isteach ar na síolta agus lena spreagfaí iad chun an t-ábhar ar fad a úsáid i gceart, agus ar an gcaoi sin seachnófaí stóráil mhícheart na síolta nó a n-úsáid nuair is dócha go bhfuil siad millte.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) Ba cheart do gach Ballstát liosta náisiúnta de mháistirdheimhnithe eisithe a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta agus an liosta sin a chur ar fáil don Choimisiún agus d'údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát eile go léir.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Maidir leis na ceanglais maidir le bunábhar atá beartaithe chun críche | (22) Maidir leis na ceanglais maidir le bunábhar atá beartaithe chun críche |

| | |
|---|---|
| caomhnúcháin agus úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha foraoise, tá siad difriúil leis na ceanglais maidir le bunábhar atá beartaithe le haghaidh ***tháirgeadh*** ábhair atáirgthe foraoise chun críocha tráchtála, mar gheall ar na critéir roghnúcháin éagsúla a chuirtear i bhfeidhm don dá chineál bunábhair sin. Chun críche caomhnúcháin agus acmhainní géiniteacha foraoise a úsáid go hinbhuanaithe, ba cheart ***na crainn uile*** ó chlampa crann san fhoraois a choimeád. Is gá sin chun cuidiú le héagsúlacht ghéiniteach laistigh de speiceas aonair crainn a mhéadú. Ar an taobh eile, níor cheart ach crainn ag a bhfuil ard-saintréithe a roghnú i gcás bunábhar atá beartaithe le haghaidh ***tháirgeadh*** ábhair atáirgthe foraoise chun críocha tráchtála. Ba cheart ***do na Ballstáit*** a bheith in ann, dá bhrí sin, maolú ar na rialacha is infheidhme i ndáil le formheas bunábhair agus fógra a thabhairt don údarás inniúil faoin mbunábhar sin atá beartaithe chun acmhainní géiniteacha foraoise a chaomhnú. | caomhnúcháin agus úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha foraoise, tá siad difriúil leis na ceanglais maidir le bunábhar atá beartaithe le haghaidh ***táirgeadh*** ábhair atáirgthe foraoise chun críocha tráchtála, mar gheall ar na critéir roghnúcháin éagsúla a chuirtear i bhfeidhm don dá chineál bunábhair sin. Chun críche caomhnúcháin agus ***chun*** acmhainní géiniteacha foraoise a úsáid go hinbhuanaithe, ba cheart ***uasmhéid crann*** ó chlampa crann san fhoraois a choimeád. Is gá sin chun cuidiú le héagsúlacht ghéiniteach laistigh de speiceas aonair crainn a mhéadú. Ar an taobh eile, níor cheart ach crainn ag a bhfuil ard-saintréithe a roghnú i gcás bunábhar atá beartaithe le haghaidh ***táirgeadh*** ábhair atáirgthe foraoise chun críocha tráchtála. Ba cheart ***d'oibreoirí gairmiúla*** a bheith in ann, dá bhrí sin, maolú ar na rialacha is infheidhme i ndáil le formheas bunábhair agus fógra a thabhairt don údarás inniúil faoin mbunábhar sin atá beartaithe chun acmhainní géiniteacha foraoise a chaomhnú. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Ba cheart do na hoibreoirí gairmiúla a bheith údaraithe ag an údarás inniúil chun an lipéad oifigiúil le haghaidh speicis agus catagóirí áirithe ábhair atáirgthe foraoise a phriontáil faoi mhaoirseacht oifigiúil. Ar an gcaoi sin tabharfar níos mó solúbthachta do na hoibreoirí gairmiúla i ndáil le margú an ábhair atáirgthe foraoise sin ina dhiaidh sin. ***Mar sin féin, ní féidir leis na hoibreoirí gairmiúla an lipéad a phriontáil nuair a bheidh an t-ábhar atáirgthe foraoise lena mbaineann deimhnithe ag an údarás inniúil.*** Tá gá leis an údarú sin de bharr chineál oifigiúil | (31) Ba cheart do na hoibreoirí gairmiúla a bheith údaraithe ag an údarás inniúil chun an lipéad oifigiúil le haghaidh speicis agus catagóirí áirithe ábhair atáirgthe foraoise ***a eisiúint agus*** a phriontáil faoi mhaoirseacht oifigiúil***, má chomhlíontar na ceanglais go léir arna sainiú ag an údarás inniúil, agus tar éis iniúchadh a dhéanamh ar an údarás inniúil a chinneann go bhfuil an inniúlacht, an bonneagar agus na hacmhainní is gá acu***. Tá gá leis an údarú sin de bharr chineál oifigiúil an lipéid oifigiúil agus chun na caighdeáin cháilíochta is airde is féidir a ráthú |

an lipéid oifigiúil agus chun na caighdeáin cháilíochta is airde is féidir a ráthú d'úsáideoirí ábhair atáirgthe foraoise. Ba cheart rialacha a leagan amach maidir le tarraingt siar nó modhnú an údaraithe sin.

d'úsáideoirí ábhair atáirgthe foraoise. Ar an gcaoi sin tabharfar níos mó solúbthachta do na hoibreoirí gairmiúla i ndáil le margú an ábhair atáirgthe foraoise sin ina dhiaidh sin. Ba cheart rialacha a leagan amach maidir le tarraingt siar nó modhnú an údaraithe sin.

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Sula gceannaítear ábhar atáirgthe foraoise, ba cheart do na hoibreoirí gairmiúla an fhaisnéis uile a bhfuil gá léi maidir le ***hoiriúnacht*** an ábhair atáirgthe foraoise do na dálaí aeráide agus éiceolaíocha ***ar leith*** a chur ar fáil do cheannaitheoirí féideartha an ábhair atáirgthe foraoise sin, chun é a chur ar a gcumas dóibh an t-ábhar atáirgthe foraoise is iomchuí ***dá*** réigiún a roghnú. | (34) Sula gceannaítear ábhar atáirgthe foraoise, ba cheart do na hoibreoirí gairmiúla an fhaisnéis uile a bhfuil gá léi maidir ***le sainiúlacht agus oiriúnacht*** an ábhair atáirgthe foraoise do na dálaí aeráide agus éiceolaíocha ***faoi seach*** a chur ar fáil ***don údarás inniúil agus*** do cheannaitheoirí féideartha an ábhair atáirgthe foraoise sin, chun é a chur ar a gcumas dóibh an t-ábhar atáirgthe foraoise is iomchuí ***do*** réigiún ***sonrach*** a roghnú. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Ba cheart do gach Ballstát plean teagmhais a tharraingt suas agus a choimeád cothrom le dáta chun soláthar leordhóthanach ábhair atáirgthe foraoise a áirithiú chun limistéir, a ndéanann teagmhais adhaimsire, falscaithe, ráigeanna de ghalair agus de lotnaidí, tubaistí nó aon teagmhas eile difear dóibh, a athfhoraoisiú. Ba cheart rialacha a leagan amach maidir le hábhar an phlean sin, chun gníomhaíocht réamhghníomhach agus éifeachtach in aghaidh rioscaí den sórt sin, má thagann siad chun cinn, a áirithiú. Ba cheart do na | (38) Ba cheart do gach Ballstát plean teagmhais a tharraingt suas agus a choimeád cothrom le dáta chun soláthar leordhóthanach ábhair atáirgthe foraoise a áirithiú chun limistéir, a ndéanann teagmhais adhaimsire, falscaithe, ráigeanna de ghalair agus de lotnaidí, tubaistí nó aon teagmhas eile difear dóibh, a athfhoraoisiú. Ba cheart rialacha a leagan amach maidir le hábhar an phlean sin, chun gníomhaíocht ***thráthúil*** réamhghníomhach agus éifeachtach in aghaidh rioscaí den sórt sin, má thagann siad chun cinn, a áirithiú. Ba |

Ballstáit a bheith in ann ábhar an phlean sin a ***oiriúnú do dhálaí*** aeráide agus éiceolaíocha sonracha a gcríoch. Léirítear leis an gceanglas sin freisin na gníomhaíochtaí ullmhachta ginearálta ar cheart do na Ballstáit a dhéanamh ar bhonn deonach faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta[31].

[31] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

cheart do na Ballstáit a bheith in ann ábhar an phlean sin a ***shainiú i gcomhréir le dálaí*** aeráide agus éiceolaíocha sonracha a gcríoch ***agus ba cheart dóibh a bheith in ann an t-ábhar shin a oiriúnú i bhfianaise eolas eolaíoch nua***. Léirítear leis an gceanglas sin freisin na gníomhaíochtaí ullmhachta ginearálta ar cheart do na Ballstáit a dhéanamh ar bhonn deonach faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta[31]. ***Arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, ba cheart don Choimisiún, trí chúnamh teicniúil, tacú le tarraingt suas an phlean agus, i gcás inarb infheidhme, é a thabhairt cothrom le dáta.***

[31] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Níor cheart ábhar atáirgthe foraoise a allmhairiú ó thríú tíortha ach amháin más rud é go suitear go gcomhlíonann sé ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sin is infheidhme maidir le hábhar atáirgthe foraoise a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas. Is gá sin chun a áirithiú go dtugtar leis an ábhar atáirgthe foraoise allmhairithe sin an leibhéal cáilíochta céanna atá ag an ábhar atáirgthe foraoise a tháirgtear san Aontas. | (43) Níor cheart ábhar atáirgthe foraoise a allmhairiú ó thríú tíortha ach amháin más rud é go suitear go gcomhlíonann sé ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sin is infheidhme maidir le hábhar atáirgthe foraoise a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas. Is gá sin chun a áirithiú go dtugtar leis an ábhar atáirgthe foraoise allmhairithe sin an leibhéal cáilíochta céanna atá ag an ábhar atáirgthe foraoise a tháirgtear san Aontas. ***Leis an gcur chuige sin, áiritheofar ní hamháin go gcomhlíonfaidh allmhairí ábhair atáirgthe foraoise caighdeáin an Aontais ach go gcuirfidh siad le héagsúlacht ghéiniteach agus inbhuanaitheacht plandaí.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leagtar amach sa Rialachán seo rialacha a bhaineann le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise (‘FRM’) agus go háirithe na ceanglais siúd maidir le formheas an bhunábhair atá beartaithe le haghaidh táirgeadh ábhair atáirgthe foraoise, tionscnamh agus inrianaitheacht an bhunábhair sin, catagóirí ábhair atáirgthe foraoise, ceanglais maidir le haitheantas agus cáilíocht ábhair atáirgthe foraoise, deimhniú, lipéadú, pacáistíocht, allmhairí, oibreoirí gairmiúla, clárú an bhunábhair agus na pleananna teagmhais náisiúnta. | Leagtar amach sa Rialachán seo rialacha a bhaineann le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise (‘FRM’) agus go háirithe na ceanglais siúd maidir le formheas an bhunábhair atá beartaithe le haghaidh táirgeadh ábhair atáirgthe foraoise, tionscnamh agus inrianaitheacht an bhunábhair sin, catagóirí ábhair atáirgthe foraoise, ceanglais maidir le haitheantas agus cáilíocht ábhair atáirgthe foraoise, deimhniú, lipéadú, pacáistíocht, allmhairí, oibreoirí gairmiúla, clárú an bhunábhair***, rialuithe oifigiúla*** agus na pleananna teagmhais náisiúnta. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le hábhar atáirgthe foraoise de na speicis chrainn agus hibridí saorga ***díobh***, a liostaítear in Iarscríbhinn I. | 1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le hábhar atáirgthe foraoise de na speicis chrainn agus hibridí saorga, a liostaítear in Iarscríbhinn I***, d’fhonn é a mhargú***. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise d’ardcháilíocht a áirithiú san Aontas, chomh maith le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh in ábhar atáirgthe | (a) táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise d’ardcháilíocht a áirithiú san Aontas, chomh maith le feidhmiú ***ceart*** an mhargaidh inmheánaigh in ábhar |

| | |
|---|---|
| foraoise; | atáirgthe foraoise; |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cuidiú le foraoisí athléimneacha a chruthú, bithéagsúlacht a chaomhnú agus éiceachórais foraoise a athchóiriú; | (b) cuidiú le foraoisí athléimneacha ***agus táirgiúla*** a chruthú, bithéagsúlacht a chaomhnú***, úsáid speiceas ionrach a chosc*** agus éiceachórais foraoise ***agus a bhfeidhmiú*** a athchóiriú***, inter alia, trí éagsúlachtaí géiniteacha idirspeiceasacha agus inspeiceasacha a chur chun cinn***; |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) aon fhorbairt ar eolas teicniúil nó eolaíochta. | (b) aon fhorbairt ***ábhartha*** ar eolas teicniúil nó eolaíochta. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'ábhar atáirgthe foraoise' ('FRM') ***buaircíní, torthú bláthra, torthaí agus síolta atá beartaithe le haghaidh tháirgeadh an stoic atá*** le cur***,*** a bhaineann le speicis chrainn agus hibridí ***saorga*** díobh a liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán seo agus a úsáidtear le haghaidh foraoisiú, athfhoraoisiú agus bealaí eile ina gcuirtear crainn ar ***aon*** cheann de na cuspóirí seo a leanas: | (1) ciallaíonn 'ábhar atáirgthe foraoise' ('FRM') ***aonaid síolta, codanna de phlandaí agus stoic*** le cur a bhaineann le speicis chrainn agus hibridí díobh a liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán seo agus a úsáidtear le haghaidh foraoisiú, athfhoraoisiú***,*** agus bealaí eile ina gcuirtear crainn ***agus ina ndéantar síolú díreach*** ar ***mhaithe le haon*** cheann de na cuspóirí seo a leanas: |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) caomhnú na bithéagsúlachta; | (b) ***caomhnú acmhainní géiniteacha foraoise agus*** caomhnú ***agus feabhsú*** na bithéagsúlachta; |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) éiceachórais foraoise a athchóiriú; | (c) éiceachórais foraoise ***agus coillearnach eile*** a athchóiriú***, agus tacú lena bhfeidhmiú***; |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) córais agrafhoraoiseachta a chur ar bun nó a athchóiriú;*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ciallaíonn 'foraoisiú' foraois a bhunú trí phlandú agus/nó trí shíolú toiliúil ar thalamh a raibh, go dtí sin, úsáid éagsúil á baint as, lena dtugtar le fios claochlú ar an úsáid talún ó neamhfhoraois go foraois[36]; | (2) ciallaíonn 'foraoisiú' foraois a bhunú trí phlandú agus/nó trí shíolú toiliúil ***de speicis oiriúnaithe crann réigiúnach*** ar thalamh a raibh, go dtí sin, úsáid éagsúil á baint as, lena dtugtar le fios claochlú ar an úsáid talún ó neamhfhoraois go foraois[36]; |

| | |
|---|---|
| [36] FAO (2020) *Global Forest Resources Assessment Terms and definitions*. https://www.fao.org/3/I8661EN/i8661en.pdf. | [36] FAO (2020) *Global Forest Resources Assessment Terms and definitions*. https://www.fao.org/3/I8661EN/i8661en.pdf. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíonn 'athfhoraoisiú' athbhunú foraoise trí phlandú agus/nó trí shíolú toiliúil ar thalamh a aicmítear mar fhoraois[37]; | (3) ciallaíonn 'athfhoraoisiú' athbhunú foraoise trí phlandú agus/nó trí shíolú toiliúil ***de speicis oiriúnaithe crann réigiúnach*** ar thalamh a aicmítear mar fhoraois[37]; |
| [37] FAO (2020) *Global Forest Resources Assessment Terms and definitions*. https://www.fao.org/3/I8661EN/i8661en.pdf. | [37] FAO (2020) *Global Forest Resources Assessment Terms and definitions*. https://www.fao.org/3/I8661EN/i8661en.pdf. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ciallaíonn 'aonad síolta' buaircíní, torthú bláthra, torthaí agus síolta atá beartaithe le haghaidh stoc le cur a tháirgeadh; | (4) ciallaíonn 'aonad síolta' buaircíní, torthú bláthra, torthaí agus síolta atá beartaithe le haghaidh stoc le cur a tháirgeadh ***nó le haghaidh síolú díreach***; |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) ciallaíonn 'táirgeadh' na céimeanna uile a bhaineann le giniúint ***na*** síolta agus ***na bplandaí, an tiontú ó aonad síolta go*** | (7) ciallaíonn 'táirgeadh' na céimeanna uile a bhaineann le giniúint síolta***, codanna de phlandaí*** agus ***plandaí agus freisin na*** |

| | |
|---|---|
| ***síol, agus tógáil na bplandaí ó*** stoc le cur, ***chun an t-ábhar atáirgthe foraoise sin*** a mhargú; | ***céimeanna sin is gá chun*** stoc le cur ***atá leordhóthanach a fháil, d'fhonn iad*** a mhargú; |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) ciallaíonn 'foinse síl' na crainn laistigh de limistéar, óna mbailítear ***síol***; | (8) ciallaíonn 'foinse síl' na crainn laistigh de limistéar ***sainithe***, óna mbailítear ***aonad síolta***; |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) ciallaíonn 'aonad formheasa' an limistéar iomlán bunábhair le haghaidh tháirgeadh an ábhair atáirgthe foraoise atá údaraithe ag na húdaráis inniúla; | (15) ciallaíonn 'aonad formheasa' an limistéar iomlán ***nó plandaí aonair*** an bhunábhair le haghaidh tháirgeadh an ábhair atáirgthe foraoise atá údaraithe ag na húdaráis inniúla; |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) ciallaíonn 'aonad fógra' an limistéar iomlán bunábhair le haghaidh tháirgeadh an ábhair atáirgthe foraoise atá beartaithe do chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha foraoise ar tugadh fógra ina leith do na húdaráis inniúla; | (16) ciallaíonn 'aonad fógra' an limistéar iomlán ***nó planda(í) aonair*** an bhunábhair le haghaidh tháirgeadh an ábhair atáirgthe foraoise atá beartaithe do chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha foraoise ar tugadh fógra ina leith do na húdaráis inniúla; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) ciallaíonn 'luchtóg síolta' gearrthán síolta ***a bhailítear*** ó bhunábhar formheasta agus a phróiseáiltear go haonfhoirmeach; | (17) ciallaíonn 'luchtóg síolta' gearrthán síolta ***a bhaintear agus/nó a ghlantar*** ó bhunábhar formheasta agus a phróiseáiltear go haonfhoirmeach; |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) ciallaíonn 'luchtóg plandaí' ***gearrthán stoic le cur*** a ***fásadh*** ó luchtóg síolta aonair nó ***stoc le cur*** a iomadaíodh go fásúil a ***tógadh*** i limistéar inchríochaithe agus a próiseáladh go haonfhoirmeach; | (18) ciallaíonn 'luchtóg plandaí' ***tacar plandaí*** a ***táirgeadh*** ó luchtóg síolta aonair nó ***tacar plandaí*** a iomadaíodh go fásúil a ***táirgeadh*** i limistéar inchríochaithe agus a próiseáladh go haonfhoirmeach; |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ciallaíonn '***uimhir*** luchtóige' ***uimhir*** aitheantais na luchtóige síolta nó na luchtóige plandaí, de réir mar is iomchuí; | (19) ciallaíonn '***cód*** luchtóige' ***cód*** aitheantais na luchtóige síolta nó na luchtóige plandaí, de réir mar is iomchuí; |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) ciallaíonn 'margú' na gníomhaíochtaí seo a leanas arna ndéanamh ag oibreoir gairmiúil: ábhar | (30) ciallaíonn ***'***margú***'*** na gníomhaíochtaí ***trachtála*** seo a leanas arna ndéanamh ag oibreoir gairmiúil: ábhar |

| | |
|---|---|
| atáirgthe foraoise a dhíol, a chóiméad nó tairiscint lena dhíol nó aon bhealach eile lena aistriú nó lena dháileadh laistigh den Aontas, nó é a allmhairiú isteach ann, cé acu saor in aisce nó ar tháille a dhéanann sé sin; | atáirgthe foraoise a dhíol, a chóiméad nó tairiscint lena dhíol nó aon bhealach eile lena aistriú nó lena dháileadh, ***lena n-áirítear seoladh,*** laistigh den Aontas, nó é a allmhairiú isteach ann, cé acu saor in aisce nó ar tháille a dhéanann sé sin; |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 31 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) ciallaíonn 'oibreoir gairmiúil' aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach, ag a bhfuil baint ghairmiúil le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas: | (31) ciallaíonn 'oibreoir gairmiúil' aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach, ag a bhfuil baint ghairmiúil***, le húdarú ó na húdaráis inniúla,*** le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas***, atá dírithe ar shaothrú tráchtála an ábhair atáirgthe foraoise***: |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) ciallaíonn 'limistéar úsáide le haghaidh síolghort' limistéar a ainmníonn na húdaráis inniúla, ina ndéantar an t-ábhar atáirgthe foraoise a bhaineann leis na catagóirí 'cáilithe' agus 'tástáilte' a chur in oiriúint do dhálaí aeráide agus éiceolaíocha an limistéir sin, agus suíomh na síolghort agus a gcomhpháirteanna, torthaí na dtrialacha sleachta agus bunáitíochta, dálaí comhshaoil agus réamh-mheastachán i ndáil leis an athrú aeráide amach anseo á gcur san áireamh, de réir mar is iomchuí; | (42) ciallaíonn 'limistéar úsáide le haghaidh síolghort ***agus mátharchra(i)nn na fine***' limistéar a ainmníonn na húdaráis inniúla, ina ndéantar an t-ábhar atáirgthe foraoise a bhaineann leis na catagóirí 'cáilithe' agus 'tástáilte' a chur in oiriúint do dhálaí aeráide agus éiceolaíocha an limistéir sin, agus suíomh na síolghort***, mátharchra(i)nn na fine*** agus a gcomhpháirteanna, torthaí na dtrialacha sleachta agus bunáitíochta, dálaí comhshaoil agus réamh-mheastachán i ndáil leis an athrú aeráide amach anseo á gcur san áireamh, de réir mar is iomchuí; |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) ciallaíonn 'limistéar úsáide le haghaidh clón agus meascáin chlónacha' limistéar a ainmníonn na húdaráis inniúla, ina ndéantar an t-ábhar atáirgthe foraoise a bhaineann leis na catagóirí 'cáilithe' agus 'tástáilte' a chur in oiriúint do dhálaí aeráide agus éiceolaíocha an limistéir sin, agus tionscnamh nó bunáitíocht an chlóin/na gclón, torthaí na dtrialacha sleachta ***agus*** bunáitíochta, dálaí comhshaoil agus réamh-mheastachán i ndáil leis an athrú aeráide amach anseo á gcur san áireamh, de réir mar is iomchuí; | (43) ciallaíonn 'limistéar úsáide le haghaidh clón agus meascáin chlónacha' limistéar a ainmníonn na húdaráis inniúla, ina ndéantar an t-ábhar atáirgthe foraoise a bhaineann leis na catagóirí 'cáilithe' agus 'tástáilte' a chur in oiriúint do dhálaí aeráide agus éiceolaíocha an limistéir sin, agus tionscnamh nó bunáitíocht an chlóin/na gclón, torthaí na dtrialacha sleachta***,*** bunáitíochta ***agus clónacha***, dálaí comhshaoil agus réamh-mheastachán i ndáil leis an athrú aeráide amach anseo á gcur san áireamh, de réir mar is iomchuí; |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) ciallaíonn 'athghiniúint nádúrtha' athnuachan foraoise le ***crainn a fhorbraíonn ó shíolta a thit agus a phéac in situ*** | (45) ciallaíonn 'athghiniúint nádúrtha' athnuachan ***na*** foraoise ***le próisis nádúrtha trí shíolú nádúrtha, trí phéacadh, trí dhiúil nó trí shrathú;*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) ciallaíonn 'saor, geall leis, ó lotnaidí' a bheith ***iomlán*** saor ó lotnaidí, nó staid ina mbeidh an líon lotnaidí cáilíochta ar an ábhar atáirgthe foraoise sin chomh híseal sin nach ndéanann na lotnaidí sin difear díobhálach do cháilíocht an ábhair atáirgthe foraoise sin. | (47) ciallaíonn 'saor, geall leis, ó lotnaidí ***cáilíochta***' a bheith saor ó lotnaidí ***cáilíochta***, nó staid ina mbeidh an líon lotnaidí cáilíochta ar an ábhar atáirgthe foraoise sin chomh híseal sin nach ndéanann na lotnaidí sin difear díobhálach do cháilíocht an ábhair atáirgthe foraoise sin. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 8 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(e) ábhar atáirgthe foraoise i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar ábhar atáirgthe foraoise a dhíorthaítear ó bhunábhar formheasta a mhargú i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas: | 1. Déanfar ábhar atáirgthe foraoise a dhíorthaítear ó bhunábhar formheasta a mhargú ***ag oibreoirí gairmiúla*** i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas: |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe h – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) céatadán péactha an tsíl íon; | (ii) céatadán péactha an tsíl íon***; má tá nósanna imeachta tástála á ndéanamh, féadfaidh na húdaráis inniúla an margú a údarú roimh thorthaí na dtástálacha; tá sé d'oibleagáid ar an soláthróir torthaí na dtástálacha a chur in iúl don cheannaitheoir a luaithe a bheidh siad ar fáil***; |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe h – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) an líon síolta ***inghreáilte*** in aghaidh an chileagraim táirge a mhargaítear mar shíolta, nó, i gcás nach féidir measúnú a dhéanamh ar an líon síolta ***inghreáilte*** nó i gcás ina bhfuil sé neamhphraiticiúil measúnú a dhéanamh ar an líon síolta ***inghreáilte***, an líon síolta inmharthana in aghaidh an chileagraim. | (iv) an líon síolta ***inphéactha*** in aghaidh an chileagraim táirge a mhargaítear mar shíolta, nó, i gcás nach féidir measúnú a dhéanamh ar an líon síolta ***inphéactha*** nó i gcás ina bhfuil sé neamhphraiticiúil measúnú a dhéanamh ar an líon síolta ***inphéactha, taobh istigh de thréimhse theoranta ama***, an líon síolta inmharthana in aghaidh an chileagraim***, agus tagairt á déanamh do mhodh sonraithe***. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) beidh an t-ábhar atáirgthe foraoise de thionscnamh atá oiriúnaithe go nádúrtha do na dálaí áitiúla agus réigiúnacha; agus | (b) beidh an t-ábhar atáirgthe foraoise de thionscnamh atá oiriúnaithe go nádúrtha do na dálaí áitiúla agus réigiúnacha***, nó oiriúnaithe don sprioc maidir le himirce chuidithe i gcás inarb ábhartha***; agus |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) baileofar an t-ábhar atáirgthe foraoise ó phlandaí ***uile*** an bhunábhair faoina dtugtar fógra. | (c) baileofar an t-ábhar atáirgthe foraoise ó ***líon uasta plandaí*** an bhunábhair faoina dtugtar fógra***, ar líon é atá ard go leor chun éagsúlacht ghéiniteach an speicis a chaomhnú***. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na húdaráis inniúla údarú sealadach a thabhairt i ndáil le margú ábhair atáirgthe foraoise a dhíorthaítear ón mbunábhar formheasta nach gcomhlíonann ceanglais uile na catagóire iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 5(1), tar éis ghlacadh an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 2. | Féadfaidh na húdaráis inniúla údarú sealadach a thabhairt i ndáil le margú ábhair atáirgthe foraoise a dhíorthaítear ón mbunábhar formheasta nach gcomhlíonann ceanglais uile na catagóire iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 5(1)***, pointí (a), (b) agus (c),*** tar éis ghlacadh an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 2. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***uasfhad*** an údaraithe; | (b) ***teorainn ama*** an údaraithe; |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***oibleagáidí*** a mhéid a bhaineann le rialuithe oifigiúla ar na hoibreoirí gairmiúla a dhéanann iarratas ar an údarú sin; | (c) ***íoscheanglais*** a mhéid a bhaineann le rialuithe oifigiúla ar na hoibreoirí gairmiúla a dhéanann iarratas ar an údarú sin; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh gach Ballstát plean ***teagmhais*** amháin nó níos mó a tharraingt suas chun soláthar leordhóthanach ábhair atáirgthe foraoise a áirithiú chun limistéir a athfhoraoisiú a ndearna teagmhais adhaimsire, falscaithe, ráigeanna de ghalair | Déanfaidh gach Ballstát plean ***teagmhasach*** amháin nó níos mó a tharraingt suas chun soláthar leordhóthanach ábhair atáirgthe foraoise a áirithiú chun limistéir a athfhoraoisiú a ndearna teagmhais adhaimsire, falscaithe, |

agus de lotnaidí, tubaistí nó aon teagmhas eile difear dóibh, de réir mar is ábhartha agus a shainaithnítear sna measúnuithe riosca náisiúnta arna bhforbairt i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE[39].

ráigeanna de ghalair agus de lotnaidí, tubaistí nó aon teagmhas eile difear dóibh, de réir mar is ábhartha agus a shainaithnítear sna measúnuithe riosca náisiúnta arna bhforbairt i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE[39]. ***Déanfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin don Bhallstát, tacaíocht theicniúil a chur ar fáil chun an plean teagmhasach a tharraingt suas.***

---

[39] IO L 347, 20.12.2013, lch. 924.

[39] IO L 347, 20.12.2013, lch. 924.

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ullmhófar an plean ***teagmhais*** sin le haghaidh na speiceas crainn sin agus na hibridí saorga díobh a liostaítear in Iarscríbhinn I, a ***mheastar iad*** a bheith oiriúnach ***do na dálaí*** aeráide agus éiceolaíocha atá ann faoi láthair agus ***do na dálaí*** aeráide agus éiceolaíocha a réamh-mheastar don todhchaí sa Bhallstát lena mbaineann. | Ullmhófar an plean ***teagmhasach*** sin le haghaidh na speiceas crainn sin agus na hibridí saorga díobh a liostaítear in Iarscríbhinn I, a ***mheasann na Ballstáit*** a bheith oiriúnach ***dá ndálaí*** aeráide agus éiceolaíocha atá ann faoi láthair agus ***dá ndálaí*** aeráide agus éiceolaíocha a réamh-mheastar don todhchaí sa Bhallstát lena mbaineann. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirfear san áireamh sa phlean teagmhasach teacht chun cinn féideartha limistéar a bhfuil difear déanta dóibh lasmuigh de theorainneacha náisiúnta agus oibreoidh an Ballstát lena mbaineann le Ballstáit eile chun soláthar coisctheach leordhóthanach ábhair atáirgthe foraoise a áirithiú do limistéir*** |

| | |
|---|---|
| | ***trasteorann a ndéantar difear dóibh.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) sainaithint na leochaileachtaí agus na mbeart coisctheach, go háirithe láithreáin stórála síl agus plandlanna a dhéanamh níos sláine, agus líon na láithreán stórála agus na bplandlann a mhéadú.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 – fomhír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) prionsabail a bhaineann le hoiliúint a chur ar phearsanra na n-údarás inniúil agus, i gcás inarb iomchuí, na gcomhlachtaí, na n-údarás poiblí, saotharlanna, oibreoirí gairmiúla agus daoine eile dá dtagraítear i bpointe (a). | (h) prionsabail a bhaineann le hoiliúint a chur ar phearsanra na n-údarás inniúil agus, i gcás ***ina bhfuil fáil orthu agus*** inarb iomchuí, pearsanra na gcomhlachtaí, na n-údarás poiblí, na saotharlann, oibreoirí gairmiúla agus daoine eile dá dtagraítear i bpointe (a). |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunóidh na Ballstáit clár náisiúnta: | Bunóidh na Ballstáit clár náisiúnta, ***dá dtagraítear in Airteagal 12***: |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh siad bunaithe ***san Aontas***. | Beidh siad bunaithe ***sa Bhallstát lena mbaineann agus údaróidh an t-údarás inniúil iad***. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh na hoibreoirí gairmiúla an fhaisnéis ***uile*** is gá***,*** maidir le hoiriúnacht an ábhair atáirgthe foraoise do dhálaí aeráide agus éiceolaíocha ***atá ann faoi láthair agus do dhálaí aeráide agus éiceolaíocha a réamh-mheastar don todhchaí,*** ar fáil d’úsáideoirí an ábhair atáirgthe foraoise sin. Soláthrófar an fhaisnéis sin don cheannaitheoir féideartha, trí bhíthin suíomhanna gréasáin, treoracha do phlandóirí agus modhanna iomchuí uile, sula n-aistreofar an t-ábhar atáirgthe foraoise lena mbaineann. | 2. Cuirfidh na hoibreoirí gairmiúla an fhaisnéis is gá ***maidir le sainiúlacht an ábhair atáirgthe foraoise chomh maith le faisnéis*** maidir le hoiriúnacht an ábhair atáirgthe foraoise do dhálaí aeráide agus éiceolaíocha ***bunaithe ar an bhfaisnéis agus na sonraí atá ar fáil***, ar fáil ***don údarás inniúil agus*** d’úsáideoirí an ábhair atáirgthe foraoise sin. Soláthrófar an fhaisnéis sin***, i gcomhréir le treoirlínte an údaráis inniúil,*** don cheannaitheoir féideartha, trí bhíthin suíomhanna gréasáin, treoracha do phlandóirí agus modhanna iomchuí uile, sula n-aistreofar an t-ábhar atáirgthe foraoise lena mbaineann. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***ábhar bunúsach***; | (c) ***cineál bunábhair***; |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) i gcás na gcatagóirí 'cáilithe' agus 'tástáilte', faisnéis ***faoi láthair táirgthe*** cló(i)n nó meascá(i)n c(h)lónach(a), i gcás inarb iomchuí. | (j) i gcás na gcatagóirí 'cáilithe' agus 'tástáilte', faisnéis ***faoin limistéar buainte a úsáidtear do tháirgeadh*** cló(i)n nó meascá(i)n c(h)lónach(a), i gcás inarb iomchuí. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2 – pointe j a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ja) aon fhaisnéis bhreise má tá sí ar fáil.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Léireofar sa liosta sin na sonraí a thugtar sna liostaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 12(1) ***agus taispeánfar an limistéar úsáidte***. | 2. Léireofar sa liosta sin na sonraí a thugtar sna liostaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 12(1). |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13a*** <br> ***Táirgeadh ó bhunábhar*** <br> ***1. Áiritheofar inrianaitheacht ó bhailiú an ábhair atáirgthe foraoise go dtí an margú don úsáideoir deiridh.*** <br> ***2. Tabharfaidh oibreoirí gairmiúla fógra don údarás inniúil go bhfuil sé i*** |

| | |
|---|---|
| | ***gceist acu ábhar atáirgthe foraoise a bhuain sula ndéantar é a bhuain chun go mbeidh an t-údarás inniúil in ann rialuithe a eagrú.*** |
| | ***3. Cuirfidh oibreoirí gairmiúla taifid faoi bhráid an údaráis inniúil ina ndoiciméadaítear buain an ábhair atáirgthe foraoise.*** |
| | ***4. Níl cead é a bhaint as an limistéar buainte ach amháin le máistirdheimhniú.*** |
| | ***5. Ar mhaithe leis an éagsúlacht ghéiniteach is airde is féidir laistigh den luchtóg síolta ar fad, áiritheoidh an buainteoir síolta go ndéanfar dianmheascadh ar an luchtóg síolta le linn gach céim den phróiseáil roimh mhargú nó síolú.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Dearbhófar leis an máistirdheimhniú comhlíonadh cheanglais Airteagal 4(2). | Dearbhófar leis an máistirdheimhniú comhlíonadh cheanglais Airteagal 4(2)***, a cheanglaíonn go bhfuil an t-ábhar atáirgthe foraoise díorthaithe ó bhunábhar formheasta***. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 3 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) Samhail de mháistirdheimhniú le haghaidh ábhar atáirgthe foraoise a dhíorthaítear ó mheascán.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. I gcás meascáin, fógróidh an t-oibreoir gairmiúil an meascadh don údarás inniúil roimh ré chun go mbeidh an t-údarás inniúil in ann maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas measctha.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Déanfaidh gach Ballstát liosta náisiúnta de mháistirdheimhnithe eisithe a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta agus an liosta sin a chur ar fáil don Choimisiún agus d'údaráis inniúla.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Coimeádfar an t-ábhar atáirgthe foraoise, le linn chéimeanna uile an táirgthe, ar leithligh faoi threoir aonad aonair formheasa de bhunábhar chun inrianaitheacht an ábhar atáirgthe foraoise chuig an mbunábhar formheasta ónar buanadh é a áirithiú. Buanfar ábhar atáirgthe foraoise ó na haonaid aonair formheasa sin agus ***agus*** margófar iad ina luchtóga, a bheidh leor-aonfhoirmeach agus ba cheart iad a shainaithint mar luchtóga atá ar leithligh ó luchtóga eile d'ábhair atáirgthe foraoise. | Coimeádfar an t-ábhar atáirgthe foraoise, le linn chéimeanna uile an táirgthe, ar leithligh faoi threoir aonad aonair formheasa de bhunábhar ***agus an mháistirdheimhnithe, nuair a eiseofar é,*** chun inrianaitheacht an ábhar atáirgthe foraoise chuig an mbunábhar formheasta ónar buanadh é a áirithiú. Buanfar ábhar atáirgthe foraoise ó na haonaid aonair formheasa sin agus margófar iad ina luchtóga, a bheidh leor-aonfhoirmeach agus ba cheart iad a shainaithint mar luchtóga atá ar leithligh ó luchtóga eile d'ábhair atáirgthe foraoise. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***uimhir*** luchtóige; | (a) ***cód*** luchtóige; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) cuspóir;*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***ábhar bunúsach***; | (e) ***cineál bunábhair***; |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 2 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) i gcás aonaid síolta, bliain an aibithe; | (i) i gcás aonad síolta, bliain an aibithe***, íonacht, céatadán péactha an tsíl íon, meáchan 1000 síol íon, líon na síolta péactha in aghaidh an chileagraim agus ainm an stáisiúin tástála síl***; |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Eiseoidh an t-údarás inniúil lipéad oifigiúil le haghaidh gach luchtóige d'ábhar atáirgthe foraoise lena ndearbhófar comhlíontacht an ábhair atáirgthe foraoise sin i leith ***na gceanglas dá dtagraítear in*** Airteagal 5. | 1. Eiseoidh an t-údarás inniúil ***nó an t-oibreoir gairmiúil, faoi mhaoirseacht oifigiúil údaráis inniúil,*** lipéad oifigiúil le haghaidh gach luchtóige d'ábhar atáirgthe foraoise lena ndearbhófar comhlíontacht an ábhair atáirgthe foraoise sin i leith Airteagal 5. |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Déanfar an lipéad oifigiúil a phriontáil ag na páirtithe seo a leanas:*** <br> ***(a) an t-údarás inniúil, má iarrann an t-oibreoir gairmiúil amhlaidh; nó*** <br> ***(b) an t-oibreoir gairmiúil, faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Údaróidh na húdaráis inniúla an t-oibreoir gairmiúil chun an lipéad oifigiúil a phriontáil tar éis don údarás inniúil comhlíontacht an ábhair atáirgthe foraoise sin i ndáil leis na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 5 a dhearbhú.*** Tá an t-oibreoir gairmiúil údaraithe chun an lipéad ***sin*** a phriontáil, más rud é, ar bhonn iniúchta, gur tháinig an t-údarás inniúil ar an gconclúid go bhfuil ***an*** bonneagar agus ***na hacmhainní*** ag an oibreoir ***chun an lipéad oifigiúil a phriontáil***. | 2. Tá an t-oibreoir gairmiúil údaraithe chun an lipéad ***oifigiúil a eisiúint agus/nó*** a phriontáil, más rud é, ar bhonn iniúchta, gur tháinig an t-údarás inniúil ar an gconclúid go bhfuil ***inniúlacht,*** bonneagar agus acmhainní ***leordhóthanach*** ag an oibreoir. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De bhreis ar an bhfaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 15(1), beidh an fhaisnéis uile seo a leanas ar an lipéad oifigiúil: | 4. De bhreis ar an bhfaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 15(1), beidh an fhaisnéis uile seo a leanas ar an lipéad oifigiúil ***nó i ndoiciméad eile ón soláthróir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear faoin Airteagal sin***: |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***ainm an oibreora ghairmiúil***; | (b) ***ainmneacha na n-oibreoirí gairmiúla soláthair, lena n-áirítear a seoltaí agus a n-uimhreacha cláraithe agus ainmneacha na bhfaighteoirí lena n-áirítear a seoltaí***; |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 4 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) cód QR ina bhfuil treoracha maidir le conas aire a thabhairt d'ábhar atáirgthe foraoise, conas é a stóráil agus conas é a phlandáil.*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 5 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) dath an lipéid le haghaidh catagóirí speisialta de chineálacha eile ábhair atáirgthe foraoise;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Má úsáideann an t-oibreoir gairmiúil lipéad nó doiciméad daite i ndáil le haon chatagóir d'ábhar atáirgthe foraoise, beidh dath lipéad nó doiciméad an tsoláthróra ag teacht leis an dath a léirítear in Iarscríbhinn VI.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní fhéadfar aonaid síolta a mhargú ach amháin i bpacáistí séalaithe a bheidh neamhfhóinteach tráth a n-osclófar an pacáiste. | Ní fhéadfar aonaid síolta a mhargú ach amháin i bpacáistí séalaithe a bheidh neamhfhóinteach tráth a n-osclófar an pacáiste***. Chun lobhadh an ábhair atáirgthe foraoise a chosc, féadfar pacáistiú an phacáiste shéalaithe a oiriúnú do riachtanais an ábhair atáirgthe foraoise faoi seach***. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3 – fomhír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an fhaisnéis ***seo a leanas*** san fhógra sin***:*** | Beidh an fhaisnéis ***dá dtagraítear in Airteagal 12(3)*** san fhógra sin. |

***(a) an t-ainm luibheolaíoch;***

***(b) catagóir;***

***(c) ábhar bunúsach;***

***(d) tagairt chláir nó, i gcás inarb iomchuí, achoimre uirthi, nó an cód aitheantais don réigiún bunáitíochta;***

***(e) suíomh: ainm gearr, más iomchuí, agus an réigiún bunáitíochta agus an raon domhanleithid, domhanfhaid agus airde;***

***(f) limistéar: méid foinse/foinsí síl nó clampa(í);***

***(g) tionscnamh: tásc cé acu uatheascarthach/dúchasach nó neamh-uatheascarthach/andúchasach é an bunábhar nó cé acu atá nó nach bhfuil an tionscnamh ar eolas. I gcás bunábhar neamh-uatheascarthach/andúchasach, tásc maidir lena thionscnamh, má tá sé ar eolas;***

***(h) cuspóir: caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní géiniteacha.***

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an t-údarú sin ***faoi réir a fhormheasta*** ag an gCoimisiún. | Tabharfar ***fógra don*** Choimisiún maidir leis an údarú sin. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 4, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, údarú a thabhairt do na | 1. De mhaolú ar Airteagal 4, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, údarú a thabhairt do na |

| | |
|---|---|
| Ballstáit, a mhéid a bhaineann leis na ceanglais le haghaidh fhormheas an bhunábhair agus le haghaidh tháirgeadh an ábhair atáirgthe foraoise, ceanglais níos déine maidir le táirgeadh ná na cinn siúd dá dtagraítear san Airteagal sin a ghlacadh, i gcríoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann nó i gcuid di. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(2). | Ballstáit, a mhéid a bhaineann leis na ceanglais le haghaidh fhormheas an bhunábhair agus le haghaidh tháirgeadh an ábhair atáirgthe foraoise, ceanglais níos déine maidir le táirgeadh ná na cinn siúd dá dtagraítear san Airteagal sin a ghlacadh, i gcríoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann nó i gcuid di***, ar choinníoll nach gcoisctear saorghluaiseacht an ábhair atáirgthe foraoise atá i gcomhréir leis an Rialachán seo agus nach gcuirtear bac ná teorainn uirthi, mar gheall ar na ceanglais sin***. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(2). |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 3 – pointe a – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) cosaint an chomhshaoil: oiriúnú don athrú aeráide ***nó rannchuidiú leis an iarracht chun bithéagsúlacht a chosaint agus*** éiceachórais foraoise a athchóiriú; | (ii) cosaint an chomhshaoil: oiriúnú don athrú aeráide***, bithéagsúlacht a fheabhsú, nó*** éiceachórais foraoise a athchóiriú ***nó tacú lena bhfeidhmiú***; |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní fhéadfar ábhar atáirgthe foraoise a allmhairiú chuig an Aontas ó thríú tíortha ach amháin más rud é go suitear, de bhun mhír 2, go gcomhlíonann sé ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sin is infheidhme maidir le hábhar atáirgthe foraoise a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas. | 1. Ní fhéadfar ábhar atáirgthe foraoise a allmhairiú chuig an Aontas ó thríú tíortha ach amháin más rud é go suitear, de bhun mhír 2, go gcomhlíonann sé ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sin is infheidhme maidir le hábhar atáirgthe foraoise a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas. ***Beidh an próiseas chun coibhéis a mheasúnú agus a shuíomh bunaithe ar scrúdú mionsonraithe ar na caighdeáin sainiúlachta agus cháilíochta agus ar cheanglais eile is infheidhme maidir le*** |

| | |
|---|---|
| | ***hábhar atáirgthe foraoise.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) máistirdheimhniú nua arna eisiúint ag údarás inniúil an Bhallstáit allmhairiúcháin, a chuirfear in ionad an mháistirdheimhnithe nó an deimhnithe oifigiúil dá dtagraítear i bpointe (a) tar éis an allmhairithe, nó deimhniú lena bhfianófar gurb ann don deimhniú nua seo.*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna. | 5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna. ***Ciallaíonn rannpháirtíocht saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit gur féidir raon leathan saineolais agus peirspictíochtaí náisiúnta a chur i láthair, rud a rannchuidíonn le cinnteoireacht fheasach agus chothrom i leith gníomhartha tarmligthe.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cainníochtaí d'ábhar atáirgthe foraoise ***deimhnithe*** in aghaidh na bliana; | (a) cainníochtaí d'ábhar atáirgthe foraoise in aghaidh na bliana***, i gcás inar*** |

| | |
|---|---|
| | ***eisíodh máistirdheimhniú***; |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an líon pleananna ***teagmhais*** náisiúnta a glacadh chun ullmhú le haghaidh deacrachtaí soláthair maidir le hábhar atáirgthe foraoise agus an t-am a bhfuil gá ***leis*** chun na pleananna ***teagmhais*** sin a ghníomhachtú; | (b) an líon pleananna ***teagmhasacha*** náisiúnta a glacadh ***ag na Ballstáit*** chun ullmhú le haghaidh deacrachtaí soláthair maidir le hábhar atáirgthe foraoise agus an t-am ***agus acmhainní*** a bhfuil gá ***leo*** chun na pleananna ***teagmhasacha*** sin a ghníomhachtú; |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – tábla 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Abies alba Mill. | Abies alba Mill. |
| Abies cephalonica Loud. | Abies cephalonica Loud. |
| Abies grandis Lindl. | Abies grandis Lindl. |
| [...] | [...] |
| | ***Abies bornmulleriana*** |
| | ***Acer campestre*** |
| | ***Alnus cordata - Juglans regia*** |
| | ***Eucalyptus globulus*** |
| | ***Eucalyptus gunnii*** |
| | ***Eucalyptus gunnii x dalrympleana - hibrid*** |
| | ***Eucalyptus nitens*** |
| | ***Juglans major x regia*** |
| | ***Juglans nigra*** |
| | ***Juglans nigra x regia*** |
| | ***Malus sylvestris*** |

| | |
|---|---|
| | ***Pinus taeda*** |
| | ***Populus nigra*** |
| | ***Populus tremula*** |
| | ***Sorbus domestica*** |
| | ***Sorbus torminalis*** |
| [...] | [...] |
| Robinia pseudoacacia L. | Robinia pseudoacacia L. |
| Tilia cordata Mill. | Tilia cordata Mill. |
| Tilia platyphyllos Scop. | Tilia platyphyllos Scop. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid B – pointe 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an fhoinse síl nó an clampa comhdhéanta de ghrúpa crann amháin nó níos mó grúpaí crann. Beidh na crainn sin dáilte go maith agus beidh líon leordhóthanach díobh ann chun éagsúlacht ghéiniteach a chothabháil agus chun crosphailniú leordhóthanach idir na crainn sna foinsí síl nó sna clampaí sin a áirithiú. | Beidh an fhoinse síl nó an clampa comhdhéanta de ghrúpa crann amháin nó níos mó grúpaí crann ***(clampaí) nó clampa aonair***. Beidh na crainn sin ***d'fhoinse síl nó de chlampa*** dáilte go maith agus beidh líon leordhóthanach díobh ann chun éagsúlacht ghéiniteach a chothabháil agus chun crosphailniú leordhóthanach idir na crainn sna foinsí síl nó sna clampaí sin a áirithiú. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid B – pointe 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Beidh na crainn oiriúnaithe do na dálaí aeráide agus éiceolaíocha lena n-áirítear na fachtóirí bitheacha agus aibitheacha atá i réim sa réigiún bunáitíochta. | (a) Beidh na crainn oiriúnaithe do na dálaí aeráide agus éiceolaíocha lena n-áirítear na fachtóirí bitheacha agus aibitheacha atá i réim sa réigiún bunáitíochta ***agus beidh pobail imeallacha crann a léiríonn oiriúnú áitiúil d'fhachtóirí bitheacha agus aibitheacha níos foircní***. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid B – pointe 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Beidh na crainn saor, geall leis, ó lotnaidí agus na siomptóim a ghabhann leo. | (b) Beidh na crainn saor, geall leis, ó lotnaidí ***cáilíochta*** agus na siomptóim a ghabhann leo. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid B – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leithlisiú: Déanfar clampaí a leithlisiú ag achar leordhóthanach ó chlampaí de dhroch-cháilíocht den speiceas céanna nó ó chlampaí de speiceas gaolmhar ar féidir hibridí a chruthú leis an speiceas i gceist. Tabharfar aird ar leith ar an gceanglas sin i gcás ina bhfuil na clampaí atá timpeall clampaí uatheascarthacha/dúchasacha neamh-uatheascarthach/andúchasach nó i gcás nach bhfuil an tionscnamh ar eolas. | 2. Leithlisiú: Déanfar clampaí a leithlisiú ag achar leordhóthanach ó chlampaí de dhroch-cháilíocht den speiceas céanna ***nó de speiceas gaolmhar*** nó ó chlampaí de speiceas gaolmhar ar féidir hibridí a chruthú leis an speiceas i gceist. Tabharfar aird ar leith ar an gceanglas sin i gcás ina bhfuil na clampaí atá timpeall clampaí uatheascarthacha/dúchasacha neamh-uatheascarthach/andúchasach nó i gcás nach bhfuil an tionscnamh ar eolas. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid B – pointe 6 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Beidh na crainn saor, geall leis, ó lotnaidí agus na siomptóim a ghabhann leo agus beidh siad frithsheasmhach i ndáil le dálaí ***suímh*** díobhálacha san áit a mbeidh siad ag fás. | (b) Beidh na crainn saor, geall leis, ó lotnaidí ***cáilíochta***agus na siomptóim a ghabhann leo agus beidh siad frithsheasmhach i ndáil le dálaí díobhálacha ***aeráide agus suíomh-sonracha*** san áit a mbeidh siad ag fás. |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***Roghnóidh an t-oibreoir gairmiúil*** clóin chomhpháirteacha nó finte de bharr a saintréithe den scoth agus ***tabharfaidh sé*** aird chuí ar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 4 agus 6 go 9 de Roinn B d'Iarscríbhinn III, agus an cuspóir sonrach dá n-úsáidfear an t-ábhar atáirgthe foraoise a leanfaidh á chur san áireamh. | (b) ***Roghnófar*** clóin chomhpháirteacha nó finte de bharr a saintréithe den scoth agus ***tabharfar*** aird chuí ar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 4 agus 6 go 9 de Roinn B d'Iarscríbhinn III, agus an cuspóir sonrach dá n-úsáidfear an t-ábhar atáirgthe foraoise a leanfaidh á chur san áireamh. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***Bainisteoidh an t-oibreoir gairmiúil*** síolghoirt agus ***buanfaidh sé*** na síolta ar bhealach ina mbainfear amach cuspóirí na síolghort. I gcás síolghort atá beartaithe le haghaidh hibrid saorga a tháirgeadh, cinnfear céatadán na hibridí san ábhar atáirgthe foraoise le tástáil fíorúcháin. | (e) ***Bainisteofar na*** síolghoirt agus ***buanfar*** na síolta ar bhealach ina mbainfear amach cuspóirí na síolghort. I gcás síolghort atá beartaithe le haghaidh hibrid saorga a tháirgeadh, cinnfear céatadán na hibridí san ábhar atáirgthe foraoise le tástáil fíorúcháin. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***Roghnóidh an t-oibreoir gairmiúil*** na crainn tuismitheora de bharr a saintréithe den scoth nó de bharr a mianach comhcheangail. I gcás roghnú bunaithe ar shaintréithe den scoth, tabharfar aird chuí ar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 4 agus 6 go 9 de Roinn B d'Iarscríbhinn III, agus an cuspóir sonrach dá n-úsáidfear an t-ábhar atáirgthe foraoise a leanfaidh á chur | (a) ***Roghnófar*** na crainn tuismitheora de bharr a saintréithe den scoth nó de bharr a mianach comhcheangail. I gcás roghnú bunaithe ar shaintréithe den scoth, tabharfar aird chuí ar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 4 agus 6 go 9 de Roinn B d'Iarscríbhinn III, agus an cuspóir sonrach dá n-úsáidfear an t-ábhar atáirgthe foraoise |

| | |
|---|---|
| san áireamh. | a leanfaidh á chur san áireamh. |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe a – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ullmhóidh*** na hoibreoirí gairmiúla ***tástálacha arna gcur ar bun chun an bunábhar a fhormheas, leagfaidh siad amach iad agus déanfaidh siad na tástálacha sin***. ***Léirmhíneoidh siad*** torthaí ***na dtástálacha sin*** i gcomhréir le nósanna imeachta a aithnítear go domhanda. ***I gcás tástálacha*** comparáideacha, ***déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil comparáid idir an t-ábhar atáirgthe foraoise atá á thástáil le*** caighdeán formheasta nó réamhroghnaithe amháin ar a dtugtar tuairisc i bpointe 3(b), nó níos mó ná ceann amháin de na caighdeáin sin. | ***Tabharfaidh*** na hoibreoirí gairmiúla ***tuairisc maidir le hábhar, modhanna agus torthaí na dtástálacha don údarás inniúil atá freagrach as an mbunábhair a fhormheas***. ***Déanfar na*** torthaí ***a chuirfear i láthair a anailísiú*** i gcomhréir le nósanna imeachta a aithnítear go domhanda. ***I dtástálacha*** comparáideacha, ***bainfear úsáid*** as caighdeán formheasta nó réamhroghnaithe amháin ar a dtugtar tuairisc i bpointe 3(b), nó***, más féidir,*** níos mó ná ceann amháin de na caighdeáin sin. |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) Comhlíonfar líon íosta limistéar tástála d'íosmhéid in aghaidh an speicis crainn a liostaítear in Iarscríbhinn I.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***Dearfaidh an t-oibreoir gairmiúil*** tástálacha chun measúnú a dhéanamh ar na saintréithe ábhartha a shonraítear i bpointe (ii) agus ***tabharfaidh sé*** iad sin le | (i) ***Déanfar na*** tástálacha ***a dhearadh*** chun measúnú a dhéanamh ar na saintréithe ábhartha a shonraítear i bpointe (ii) agus ***tabharfar*** iad sin le fios i gcás gach tástála |

fios i gcás gach tástála i dtaifid na dtástálacha.

i dtaifid na dtástálacha.

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe c – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Coimeádfaidh*** an t-oibreoir gairmiúil ***taifid lena dtabharfar tuairisc ar na suíomhanna tástála***, lena n-áirítear an suíomh, aeráid, ithir, úsáid roimhe seo, bunaíocht, bainistíocht agus aon damáiste de bharr fachtóirí aibitheacha/bitheacha. Cuirfidh ***sé*** na taifid sin ar fáil don údarás inniúil ***arna n-iarraidh sin***. Taifeadfaidh an t-údarás inniúil aois an bhunábhair agus an ábhair atáirgthe foraoise agus na torthaí tráth na meastóireachta. | ***Soláthróidh*** an t-oibreoir gairmiúil ***gach faisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí na tástála***, lena n-áirítear an suíomh, aeráid, ithir, úsáid roimhe seo, bunaíocht, bainistíocht agus aon damáiste de bharr fachtóirí aibitheacha/bitheacha. Cuirfidh ***an t-oibreoir gairmiúil*** na taifid sin ar fáil don údarás inniúil. Taifeadfaidh an t-údarás inniúil aois an bhunábhair agus an ábhair atáirgthe foraoise agus na torthaí tráth na meastóireachta. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe d – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***Déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil*** gach sampla d'ábhar atáirgthe foraoise a thógáil, a phlandú agus a bhainistiú ar an mbealach céanna, a mhéid is féidir de réir na gcineálacha ábhair planda. | (i) ***Déanfar*** gach sampla d'ábhar atáirgthe foraoise a thógáil, a phlandú agus a bhainistiú ar an mbealach céanna, a mhéid is féidir de réir na gcineálacha ábhair planda; |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe d – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) ***Bunóidh an t-oibreoir gairmiúil*** gach turgnamh i ndearadh staidrimh bailí ***le líon leordhóthanach crann***, ionas gur féidir meastóireacht a dhéanamh ar shaintréithe aonair gach comhpháirte atá | (ii) ***Bunófar*** gach turgnamh i ndearadh staidrimh bailí ionas gur féidir meastóireacht a dhéanamh ar shaintréithe aonair gach comhpháirte atá faoi scrúdú. |

faoi scrúdú.

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe e – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***Déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil*** anailís ar na sonraí ó ***thurgnaimh ag*** úsáid modhanna staidrimh atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus ***cuirfidh siad*** na torthaí i láthair le haghaidh gach saintréithe a ndéantar scrúdú uirthi. | (i) ***Déanfar*** anailís ar na sonraí ó ***na turgnaimh trí*** úsáid ***a bhaint as*** modhanna staidrimh atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus ***cuirfear*** na torthaí i láthair le haghaidh gach saintréithe a ndéantar scrúdú uirthi. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 2 – pointe d – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) Ríomhfar ardchéimíocht mheasta an ábhair atáirgthe foraoise in aghaidh daonra tagartha le haghaidh saintréithe nó tacar saintréithe. ***Saineoidh an t-oibreoir gairmiúil*** an daonra tagartha ***sa chlár pórúcháin*** agus ***tabharfaidh sé*** tuairisc ***ar an daonra tagartha sin*** sna tuarascálacha tástála. | (i) Ríomhfar ardchéimíocht mheasta an ábhair atáirgthe foraoise in aghaidh daonra tagartha le haghaidh saintréithe nó tacar saintréithe. ***Saineofar*** an daonra tagartha agus ***tabharfar*** tuairisc ***air*** sna tuarascálacha tástála. |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 3 – pointe c – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) ***Tuairisceoidh an t-oibreoir gairmiúil*** más ann d'aon saintréith lena ngabhann tábhacht eacnamaíoch nó tábhacht chomhshaoil lena léirítear torthaí atá i bhfad níos laige ná na caighdeáin, agus déanfar a n-éifeachtaí a chúiteamh le saintréithe fabhracha. | (ii) ***Tuairisceofar*** más ann d'aon saintréith lena ngabhann tábhacht eacnamaíoch nó tábhacht chomhshaoil lena léirítear torthaí atá i bhfad níos laige ná na caighdeáin, agus déanfar a n-éifeachtaí a chúiteamh le saintréithe fabhracha. |

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Rinneadh ábhar atáirgthe foraoise (FRM) a rialáil go dtí seo le Rialacháin AE 2016/2031 agus 2017/625 agus le Treoir 1999/105/CE.

Leis an togra seo, déanann an Coimisiún na gníomhartha dlí a bhí ann roimhe sin a aontú agus a nuashonrú faoi aon chreat dlíthiúil amháin, agus fionnachtana eolaíocha agus teicneolaíocha nua maidir le hábhar atáirgthe foraoise á gcur san áireamh.

Tríd is tríd, aontaíonn an Rapóirtéir leis an togra ón gCoimisiún agus is díol sásaimh dó an deighilt idir ábhar atáirgthe plandaí agus ábhar atáirgthe foraoise, a bpléitear leo anois in dhá rialachán éagsúla.

Is mór ag an Rapóirtéir struchtúr an rialacháin ó tharla go bhfeabhsaíonn sé an creat reatha agus a chur chun feidhme. Aontaíonn an Rapóirtéir leis na maoluithe i gcás deacrachtaí soláthair agus chun críocha taighde. Glactar san áireamh sna maoluithe sin comhthéacs casta an ábhair táirgthe foraoise agus bainistiú foraoisí san Aontas Eorpach trí urraim a thabhairt d'éagsúlachtaí réigiúnacha agus do chomhpháirtíochtaí atá ann cheana idir údaráis áitiúla agus institiúidí taighde. Cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir, áfach, nach féidir na cineálacha éagsúla uile atá le caomhnú a thabhairt le chéile faoi Airteagal 6, mar gheall ar chastacht an ábhair foraoise i gcomparáid le hábhair atáirgthe plandaí (PRM).

Maidir leis an lipéadú arna rialú faoi Airteagal 16, déantar an cur chuige, an caidreamh agus an t-údarú idir an t-údarás inniúil agus an t-oibreoir deiridh a fheabhsú leis an togra seo. Molann an Rapóirtéir ról an údaráis inniúil a threisiú agus molann sé struchtúr nua don nós imeachta údaraithe maidir le lipéadú, ag tagairt do Rialachán 2016/2031 atá ann faoi láthair.

Maidir le ról an údaráis inniúil faoi Airteagal 19, molann an Rapóirtéir nach mbeadh maolú, cé go dtabharfar fógra ina leith don Choimisiún, faoi réir fhormheas an Choimisiúin.

Tá an Rapóirtéir muiníneach gur féidir linn, leis an togra seo agus leis na leasuithe atá molta air, an sprioc maidir le rialachán aonair i ndáil le hábhar atáirgthe foraoise a bhaint amach lena gcuirfear feabhas ar an staid do tháirgeoirí, do bhainisteoirí foraoise, d'oibreoirí margaidh, do thaighdeoirí agus d'údaráis inniúla.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach, nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

| **Entity and/or person** |
|---|
| IFOAM Organics Europe |
| Bayerische Pflanzenzucht- und Saatbauverbände |
| COCERAL |
| KWS SAAT SE & Co. KGaA |
| Euroseeds |
| CropLife Europe |
| ARCHE NOAH, Gesellschaft für die Erhaltung der Kulturpflanzenvielfalt und ihre Entwicklung |
| Copa & Cogeca |
| Eustafor |

12.3.2024

## TUAIRIM ÓN GCOISTE UM AN GCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA

chuig an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/105/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise)
(COM(2023)0415 – C9-0237/2023 – 2023/0228(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Christophe Clergeau

## RÉASÚNÚ GEARR

Is ionann ábhar atáirgthe foraoise (FRM) agus acmhainn bhunriachtanach d’inbhuanaitheacht na bhforaoisí Eorpacha a chlúdaíonn os cionn 43 % dár dtalamh. Agus na gnéithe a bhaineann le bainistiú foraoisí á gcur san áireamh, tá cás láidir ann rialachán a bheith ag an ábhar atáirgthe foraoise atá éagsúil óna bhfuil ann d’ábhar atáirgthe plandaí, a bhaineann le réimse na talmhaíochta.

Fulaingíonn foraoisí go mór mar gheall ar an athrú aeráide, agus bíonn tionchar díreach ag na tonnta teasa, triomaigh, dóiteáin, stoirmeacha, galair agus ráigeanna lotnaidí ar chlampaí foraoise. I measc na luamhán tábhachtach chun dul i ngleic le heachtraí foircneacha, tá an cumas leas a bhaint as na hábhair atáirgthe foraoise éagsúla is oiriúnaithe dá gcríocha agus tairbhe a bhaint as a n-acmhainneacht chun dul in oiriúint don athrú aeráide trína n-ardleibhéal éagsúlachta géinití inspeiceasaí a chur chun cinn. Cé go bhféadfadh sé gur díol spéise iad malartuithe idir réigiúin bhunáitíochta éagsúla, go háirithe chun an éagsúlacht a mhéadú, ba cheart brath ar acmhainneacht ghéiniteach speicis an réigiún lena mbaineann ar dtús chun riosca an mhí-oiriúnaithe a theorannú.

Is é príomhghnóthachtáil an Rialacháin seo go ndréachtóidh gach Ballstát straitéis chun a áirithiú nach bhfuil sé as stoc i ndáil le hábhar atáirgthe foraoise. Mar sin féin, chun mí-úsáid beart maolaithe a sheachaint, measann an rapóirtéir gurb é an bealach is fearr chun ullmhú ar mhaithe le dul i ngleic le géarchéimeanna a tharlaíonn arís agus arís eile as seo amach ná bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm chun athléimneacht an bhonneagair stórála síolta (buaircíní, torthú bláthra, torthaí agus síolta) agus na bplandlann a mhéadú.

Molann an rapóirtéir freisin feabhas a chur ar na critéir inbhuanaitheachta maidir le roghnú trína

shoiléiriú go mbraitheann an acmhainneacht oiriúnaithe go príomha ar an éagsúlacht ghéiniteach laistigh den speiceas crainn lena mbaineann. Tá sé tábhachtach a mheabhrú freisin, i bhfianaise an ardleibhéil éiginnteachta a bhaineann le cásanna téimh dhomhanda, gur léir go mbeidh baol níos ísle ann go mbeidh fáschoillte ilspeiceas mí-oiriúnaithe don athrú aeráide.

Molann an rapóirtéir freisin an sainmhíniú ar ábhar atáirgthe foraoise a leathnú chuig codanna de phlandaí, gearrtháin agus plandaí, chun sainmhíniú ar agrafhoraoiseacht a chur ar fáil agus chun líon na speiceas in Iarscríbhinn 1 a mhéadú.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Is é is aidhm do Scéim Síolta agus Plandaí Foraoise ECFE táirgeadh agus úsáid síolta, codanna de phlandaí agus plandaí a bailíodh, a próiseáladh agus a margaíodh i mbealach lena n-áirithítear ardcháilíocht agus infhaighteacht ábhair atáirgthe foraoise a spreagadh. De bharr fhad na dtimthriallta foraoise agus costas fáschoillte agus infheistíocht fhadtéarmach i bhforaoisí, tá sí fíor-riachtanach go bhfaigheadh foraoiseoirí faisnéis atá go hiomlán iontaofa maidir le tionscnamh agus saintréithe géiniteacha an ábhair atáirgthe foraoise a úsáideann siad i bhfáschoillte. Comhlíonann Scéim Síolta agus Plandaí Foraoise ECFE an riachtanas sin trí bhíthin deimhniúcháin agus inrianaitheachta. Tá ról mór aige san iarracht chun cuidiú le foraoisí an domhain a oiriúnú do dhálaí aeráide atá ag athrú. Cuirtear i dtábhacht caomhnú éagsúlachta speiceas agus éagsúlacht ghéiniteach mhór a áirithiú laistigh de speicis agus luchtóga síolta lena bhfeabhsaítear, dá réir sin, | (4) Is é is aidhm do Scéim Síolta agus Plandaí Foraoise ECFE táirgeadh agus úsáid síolta, codanna de phlandaí agus plandaí a bailíodh, a próiseáladh agus a margaíodh i mbealach lena n-áirithítear ardcháilíocht agus infhaighteacht ábhair atáirgthe foraoise a spreagadh. De bharr fhad na dtimthriallta foraoise agus costas fáschoillte agus infheistíocht fhadtéarmach i bhforaoisí, tá sí fíor-riachtanach go bhfaigheadh foraoiseoirí faisnéis atá go hiomlán iontaofa maidir le tionscnamh agus saintréithe géiniteacha an ábhair atáirgthe foraoise a úsáideann siad i bhfáschoillte. Comhlíonann Scéim Síolta agus Plandaí Foraoise ECFE an riachtanas sin trí bhíthin deimhniúcháin agus inrianaitheachta. Tá ról mór aige san iarracht chun cuidiú le foraoisí an domhain a oiriúnú do dhálaí aeráide atá ag athrú. Cuirtear i dtábhacht caomhnú éagsúlachta speiceas agus éagsúlacht ghéiniteach mhór a áirithiú laistigh de speicis agus luchtóga síolta lena bhfeabhsaítear, dá réir sin, |

| | |
|---|---|
| acmhainneacht oiriúnaitheach ábhair atáirgthe foraoise d'athphlandú limistéir le crainn ('athfhoraoisiú') agus cruthú foraoisí nua ('foraoisiú') amach anseo. Féadfaidh gá a bheith le hathfhoraoisiú i gcás ina ndearna teagmhais adhaimsire, falscaithe, ráigeanna galair agus lotnaidí, nó tubaistí eile difear do chodanna d'fhoraois a bhí ann cheana. | acmhainneacht oiriúnaitheach ábhair atáirgthe foraoise d'athphlandú limistéir le crainn ('athfhoraoisiú') agus cruthú foraoisí nua ('foraoisiú') amach anseo. Féadfaidh gá a bheith le hathfhoraoisiú i gcás ina ndearna teagmhais adhaimsire, falscaithe, ráigeanna galair agus lotnaidí, nó tubaistí eile difear do chodanna d'fhoraois a bhí ann cheana***, agus i gcás ina bhfuil modhanna neamh-inbhuanaithe um bainistiú foraoise, bunaithe ar ghlanleagan, fós forleathan***. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Le Rialachán (AE) 2021/1119, ceanglaítear ar Bhallstáit agus institiúidí ábhartha an Aontais dul chun cinn leanúnach a áirithiú maidir le hacmhainneacht oiriúnaithe a fheabhsú, athléimneacht a neartú agus leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú. Ceann de na haidhmeanna atá ag Straitéis nua an Aontais Eorpaigh um an oiriúnú don athrú aeráide, dá bhrí sin, ná dlús a chur le hacmhainneacht oiriúnaitheach an Aontais i ndáil leis an athrú aeráide, trí na rialacha maidir le hábhar atáirgthe foraoise, i measc rialacha eile, a leasú. Le reachtaíocht an Aontais ba cheart táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise ar fud an Aontais a spreagadh. ***Chun na críche sin, maidir leis an bhféidearthacht do na Ballstáit srian a chur ar fhormheas bunábhair áirithe agus margú ábhair atáirgthe foraoise áirithe d'úsáideoirí deiridh a thoirmeasc, mar a leagtar amach i dTreoir 1999/105/CE, ba cheart an fhéidearthacht sin a dhíothú.*** | (6) Le Rialachán (AE) 2021/1119, ceanglaítear ar Bhallstáit agus institiúidí ábhartha an Aontais dul chun cinn leanúnach a áirithiú maidir le hacmhainneacht oiriúnaithe a fheabhsú, athléimneacht a neartú agus leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú. Ceann de na haidhmeanna atá ag Straitéis nua an Aontais Eorpaigh um an oiriúnú don athrú aeráide, dá bhrí sin, ná dlús a chur le hacmhainneacht oiriúnaitheach an Aontais i ndáil leis an athrú aeráide, trí na rialacha maidir le hábhar atáirgthe foraoise, i measc rialacha eile, a leasú. Le reachtaíocht an Aontais ba cheart táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise ar fud an Aontais a spreagadh. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Ar phríomhchuspóirí Straitéis Foraoiseachta nua an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030 tá foraoisiú éifeachtach, agus caomhnú foraoisí agus athchóiriú foraoisí san Aontas, chun cuidiú le hionsú $CO_2$ a mhéadú, tarlú agus méid dóiteán foraoise a laghdú, agus an bithgheilleagar a chur chun cinn, agus prionsabail éiceolaíocha atá fabhrach i ndáil leis an mbithéagsúlacht á n-urramú. Tá sé fíor-riachtanach athchóiriú foraoisí agus bainistiú inbhuanaithe athneartaithe ar fhoraoisí a áirithiú chun oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht foraoisí. I ndáil leis sin, deirtear i Straitéis Foraoiseachta nua an Aontais go mbeidh gá le méideanna móra ábhair atáirgthe foraoise iomchuí chun foraoisí a oiriúnú don athrú aeráide agus chun foraoisí a athchóiriú tar éis damáiste aeráide. Tuigtear leis sin iarrachtaí chun acmhainní géiniteacha foraoise a shlánú agus iad a úsáid go hinbhuanaithe, iarrachtaí ar a mbraitheann foraoiseacht atá níos aeráid-díonaí. Tá gá le hiarrachtaí chun táirgeadh agus infhaighteacht ábhar atáirgthe foraoise den sórt sin a mhéadú freisin, chun faisnéis níos fearr a sholáthar maidir lena oiriúnacht do dhálaí aeráide agus éiceolaíocha agus chun a tháirgeadh comhoibríoch agus aistriú trasna teorainneacha náisiúnta laistigh den Aontas a fheabhsú. Ba cheart a cheangal ar oibreoirí gairmiúla, dá réir sin, faisnéis a sholáthar do na húsáideoirí roimh ré maidir le hoiriúnacht ábhair atáirgthe foraoise do dhálaí aeráide agus éiceolaíocha. | (7) Ar phríomhchuspóirí Straitéis Foraoiseachta nua an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030 tá foraoisiú éifeachtach, agus caomhnú foraoisí agus athchóiriú foraoisí san Aontas, chun cuidiú le hionsú $CO_2$ a mhéadú, tarlú agus méid dóiteán foraoise a laghdú, agus an bithgheilleagar a chur chun cinn, agus prionsabail éiceolaíocha atá fabhrach i ndáil leis an mbithéagsúlacht á n-urramú. Tá sé fíor-riachtanach athchóiriú foraoisí agus bainistiú inbhuanaithe athneartaithe ar fhoraoisí a áirithiú chun oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht foraoisí. I ndáil leis sin, deirtear i Straitéis Foraoiseachta nua an Aontais***, sa bhreis ar athchóiriú oiriúnaitheach agus cleachtais bainistithe foraoisí bunaithe ar éiceachórais,*** go mbeidh gá le méideanna móra ábhar atáirgthe foraoise iomchuí ***freisin*** chun foraoisí a oiriúnú don athrú aeráide agus chun foraoisí a athchóiriú tar éis damáiste aeráide. Tuigtear leis sin iarrachtaí chun acmhainní géiniteacha foraoise a shlánú agus iad a úsáid go hinbhuanaithe, iarrachtaí ar a mbraitheann foraoiseacht atá níos aeráid-díonaí. Tá gá le hiarrachtaí chun táirgeadh agus infhaighteacht ábhar atáirgthe foraoise den sórt sin a mhéadú freisin, chun faisnéis níos fearr a sholáthar maidir lena oiriúnacht do dhálaí aeráide agus éiceolaíocha agus chun a tháirgeadh comhoibríoch agus aistriú trasna teorainneacha náisiúnta laistigh den Aontas a fheabhsú. Ba cheart a cheangal ar oibreoirí gairmiúla, dá réir sin, faisnéis a sholáthar do na húsáideoirí roimh ré maidir le hoiriúnacht ábhair atáirgthe foraoise do dhálaí aeráide agus éiceolaíocha. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Is é is aidhm do Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 bithéagsúlacht an Aontais a chur ar bhóthar an téarnaimh faoi 2030. Faoi chuimsiú na straitéise sin, tá reachtaíocht an Aontais le caomhnú éagsúlachta speiceas a chur i dtábhacht agus éagsúlacht ard ghéiniteach a áirithiú laistigh de speicis agus luchtóga síolta. Is é is aidhm dó sin soláthar ábhair atáirgthe foraoise d'ardcháilíocht agus atá éagsúil go géiniteach agus atá oiriúnaithe do dhálaí aeráide reatha agus dálaí aeráide réamh-mheasta don todhchaí a éascú. Maidir le caomhnú agus feabhsú bhithéagsúlacht na bhforaoisí, lena n-áirítear éagsúlacht ghéiniteach crann, tá siad fíor-riachtanach i ndáil le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí agus chun tacú le hoiriúnú foraoisí don athrú aeráide. Ba cheart speicis chrainn agus hibridí saorga faoin Rialachán seo a bheith oiriúnach ó thaobh cúrsaí géiniteacha de do na dálaí áitiúla agus ba cheart iad a bheith ar ardcháilíocht. | (8) Is é is aidhm do Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 bithéagsúlacht an Aontais a chur ar bhóthar an téarnaimh faoi 2030. Faoi chuimsiú na straitéise sin, tá reachtaíocht an Aontais le caomhnú éagsúlachta speiceas a chur i dtábhacht agus éagsúlacht ard ghéiniteach a áirithiú laistigh de speicis agus luchtóga síolta. Is é is aidhm dó sin soláthar ábhair atáirgthe foraoise d'ardcháilíocht agus atá éagsúil go géiniteach agus atá oiriúnaithe do dhálaí aeráide reatha agus dálaí aeráide réamh-mheasta don todhchaí a éascú. Maidir le caomhnú agus feabhsú bhithéagsúlacht na bhforaoisí, lena n-áirítear éagsúlacht ghéiniteach crann, tá siad fíor-riachtanach i ndáil le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí agus chun tacú le hoiriúnú foraoisí don athrú aeráide. ***Os a choinne sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh rogha mhíchuí de chomhdhéanamh speiceas foraoise ina cúis le hanachana foraoise nó go gcuirfí dlús leo, rud a d'fhágfadh go mbeadh foraoisí, a d'fheidhmeodh mar linnte carbóin dá mba rud é go mbainisteofaí i gceart iad, ina bhfoinse d'astaíochtaí breise CO2.*** Ba cheart speicis chrainn agus hibridí saorga faoin Rialachán seo a bheith oiriúnach ó thaobh cúrsaí géiniteacha de do na dálaí áitiúla***, agus athruithe aeráide a tharla cheana á gcur san áireamh go hiomlán,*** agus ba cheart iad a bheith ar ardcháilíocht. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Is é is aidhm don Rialachán seo táirgeadh agus margú ábhar atáirgthe | (15) Is é is aidhm don Rialachán seo táirgeadh agus margú ábhar atáirgthe |

| | |
|---|---|
| foraoise d’ardcháilíocht a áirithiú. Chun cuidiú le foraoisí athléimneacha a chruthú agus ***éiceachórais*** foraoise a ***athchóiriú***, ba cheart eolas a bheith ag úsáideoirí, sula gceannóidh siad ábhar atáirgthe foraoise, maidir le hinbhuanaitheacht an ábhair atáirgthe foraoise sin do na dálaí aeráide agus éiceolaíocha sa limistéar ina n-úsáidfear é. | foraoise d’ardcháilíocht a áirithiú. Chun cuidiú le foraoisí athléimneacha ***agus táirgiúla*** a chruthú agus ***feidhmiú éiceachóras*** foraoise a ***mhéadú***, ba cheart eolas a bheith ag úsáideoirí, sula gceannóidh siad ábhar atáirgthe foraoise, maidir le hinbhuanaitheacht an ábhair atáirgthe foraoise sin do na dálaí aeráide agus éiceolaíocha sa limistéar ina n-úsáidfear é. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Ba cheart an bunábhar atá beartaithe le haghaidh tháirgeadh ábhar atáirgthe foraoise sa chatagóir tástáilte a bheith faoi réir na gceanglas is déine is féidir. Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le hardchéimíocht ábhair atáirgthe foraoise trí bhíthin é a chur i gcomparáid le ceann amháin de na caighdeáin fhormheasta nó réamhroghnaithe, nó le roinnt de na caighdeáin sin. Roghnaíonn an t-oibreoir gairmiúil na caighdeáin sin ar bhonn na críche dá n-úsáidfear an t-ábhar atáirgthe foraoise den chatagóir ‘tástáilte’. ***I ndáil leis sin, más é oiriúnú don athrú aeráide a bheidh i gcríoch an ábhair atáirgthe foraoise sin,*** cuirfear an t-ábhar atáirgthe foraoise i gcomparáid leis na caighdeáin lena mbaineann dea-fheidhmíocht i ndáil le hoiriúnú do na dálaí aeráide agus éiceolaíocha áitiúla ***(e.g. a bheith saor, go praiticiúil, ó lotnaidí agus na siomptóim a ghabhann leo)***. Tar éis roghnú na gcomhpháirteanna den bhunábhar, ba cheart don oibreoir gairmiúil ardchéimíocht an ábhair atáirgthe foraoise a léiriú le tástáil chomparáideach ***nó meastachán a dhéanamh i ndáil lena ardchéimíocht trí bhíthin meastóireacht a dhéanamh ar chomhpháirteanna géiniteacha an bhunábhair sin***. Ba cheart | (26) Ba cheart an bunábhar atá beartaithe le haghaidh tháirgeadh ábhar atáirgthe foraoise sa chatagóir tástáilte a bheith faoi réir na gceanglas is déine is féidir. Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le hardchéimíocht ábhair atáirgthe foraoise trí bhíthin é a chur i gcomparáid le ceann amháin de na caighdeáin fhormheasta nó réamhroghnaithe, nó le roinnt de na caighdeáin sin. Roghnaíonn an t-oibreoir gairmiúil na caighdeáin sin ar bhonn na críche dá n-úsáidfear an t-ábhar atáirgthe foraoise den chatagóir ‘tástáilte’. ***Chun gach críche,*** cuirfear an t-ábhar atáirgthe foraoise i gcomparáid leis na caighdeáin lena mbaineann dea-fheidhmíocht i ndáil le hoiriúnú do na dálaí aeráide agus éiceolaíocha áitiúla***, ós rud é go bhfuil athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide ábhartha chun gach críche***. Tar éis roghnú na gcomhpháirteanna den bhunábhar, ba cheart don oibreoir gairmiúil ardchéimíocht an ábhair atáirgthe foraoise a léiriú le tástáil chomparáideach. Ba cheart don údarás inniúil a bheith páirteach i ngach céim den phróiseas. Ba cheart dó an dearadh turgnamhach agus na tástálacha formheasa bunábhair a fhormheas, na taifid a sholáthraíonn an t-oibreoir gairmiúil dó a |

don údarás inniúil a bheith páirteach i ngach céim den phróiseas. Ba cheart dó an dearadh turgnamhach agus na tástálacha formheasa bunábhair a fhormheas, na taifid a sholáthraíonn an t-oibreoir gairmiúil dó a dheimhniú agus torthaí na dtástálacha maidir le hardchéimíocht an ábhair atáirgthe foraoise ***nó torthaí na meastóireachta géinití*** a fhormheas ***de réir mar is iomchuí***. Is gá sin chun teacht leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme de bhun Scéim Síolta agus Plandaí Foraoise ECFE agus caighdeáin idirnáisiúnta eile is infheidhme, agus chun an taithí a fuarthas ó Threoir 1999/105/CE a chur san áireamh.

dheimhniú agus torthaí na dtástálacha maidir le hardchéimíocht an ábhair atáirgthe foraoise a fhormheas. Is gá sin chun teacht leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme de bhun Scéim Síolta agus Plandaí Foraoise ECFE agus caighdeáin idirnáisiúnta eile is infheidhme, agus chun an taithí a fuarthas ó Threoir 1999/105/CE a chur san áireamh.

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Maireann an measúnú ar bhunábhar atá beartaithe le haghaidh tháirgeadh ábhair atáirgthe foraoise den chatagóir 'tástáilte' 10 mbliana ar an meán. Chun rochtain níos ***tapa*** ábhair atáirgthe foraoise den chatagóir 'tástáilte' ar an margadh a áirithiú, fad atá an measúnú ar an mbunábhar fós ar bun, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit an bunábhar sin a fhormheas ar bhonn sealadach, go ceann tréimhse uasta 10 mbliana, ***ina gcríoch uile nó cuid dá gcríoch***. Níor cheart an formheas sin a dheonú ach amháin má thugtar le fios le torthaí sealadacha ***na meastóireachta géinití nó torthaí*** na dtástálacha comparáideacha go gcomhlíonfaidh an bunábhar ceanglais an Rialacháin seo nuair a bheidh na tástálacha críochnaithe. Ba cheart an measúnú luath sin a athscrúdú ar eatramh uasta 10 mbliana. | (27) Maireann an measúnú ar bhunábhar atá beartaithe le haghaidh tháirgeadh ábhair atáirgthe foraoise den chatagóir 'tástáilte' 10 mbliana ar an meán. Chun rochtain níos ***tapúla*** ábhair atáirgthe foraoise den chatagóir 'tástáilte' ar an margadh a áirithiú, fad atá an measúnú ar an mbunábhar fós ar bun, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit an bunábhar sin a fhormheas ar bhonn sealadach, go ceann tréimhse uasta 10 mbliana, ***i scéim píolótach***. Níor cheart an formheas sin a dheonú ach amháin má thugtar le fios le torthaí sealadacha torthaí na dtástálacha comparáideacha go gcomhlíonfaidh an bunábhar ceanglais an Rialacháin seo nuair a bheidh na tástálacha críochnaithe. Ba cheart an measúnú luath sin a athscrúdú ar eatramh uasta 10 mbliana. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28 a) Ba cheart don Rialachán iarracht a dhéanamh an cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' a bhaint amach mar chur chuige comhtháite agus aontaitheach arb é is aidhm dó cothromaíocht inbhuanaithe agus barrfheabhsú a bhaint amach i leith sláinte daoine, ainmhithe, plandaí agus éiceachóras. Aithnítear leis go bhfuil dlúthnasc idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe clóis agus sláinte ainmhithe fiáine, sláinte plandaí agus sláinte an chomhshaoil i gcoitinne, lena n-áirítear éiceachórais, agus go bhfuil siad spleách ar a chéile.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Ba cheart do gach Ballstát plean teagmhais a tharraingt suas agus a choimeád cothrom le dáta chun soláthar leordhóthanach ábhair atáirgthe foraoise a áirithiú chun limistéir, a ndéanann teagmhais adhaimsire, falscaithe, ráigeanna de ghalair agus de lotnaidí, tubaistí nó aon teagmhas eile difear dóibh, a athfhoraoisiú. Ba cheart rialacha a leagan amach maidir le hábhar an phlean sin, chun gníomhaíocht ***réamhghníomhach agus*** éifeachtach ***in aghaidh rioscaí den sórt sin, má thagann siad chun cinn,*** a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann ábhar an phlean sin a oiriúnú do dhálaí aeráide agus éiceolaíocha sonracha a gcríoch. Léirítear leis an gceanglas sin freisin na gníomhaíochtaí ullmhachta ginearálta ar cheart do na Ballstáit a dhéanamh ar bhonn deonach ***faoin Sásra*** Aontais um Chosaint Shibhialta[31] . | (38) Ba cheart do gach Ballstát plean teagmhais a tharraingt suas agus a choimeád cothrom le dáta chun soláthar leordhóthanach ábhair atáirgthe foraoise a áirithiú, chun ***athghiniúint nádúrtha a chomhlánú, ar cheart tosaíocht a thabhairt di i limistéir chosanta agus limistéir arna leagan síos i bplean náisiúnta um athchóiriú agus chun cuidiú*** limistéir ***eile***, a ndéanann teagmhais adhaimsire, falscaithe, ráigeanna de ghalair agus de lotnaidí, tubaistí nó aon teagmhas eile difear dóibh, a athfhoraoisiú ***más gá***. Ba cheart rialacha a leagan amach maidir le hábhar an phlean sin, chun gníomhaíocht éifeachtach a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann ábhar an phlean sin a oiriúnú do dhálaí aeráide agus éiceolaíocha sonracha a gcríoch. Léirítear leis an gceanglas sin freisin na gníomhaíochtaí ullmhachta ginearálta ar |

cheart do na Ballstáit a dhéanamh ar bhonn deonach ***faoi Shásra an*** Aontais um Chosaint Shibhialta[31] .

[31] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

[31] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Níor cheart síolta a mhargú ach amháin má bhíonn siad i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta. Níor cheart iad a lipéadú ná a mhargú ach amháin agus iad i bpacáistí séalaithe, chun gur féidir iad a shainaithint go hiomchuí, chomh maith lena gcáilíocht agus inrianaitheacht, agus chun calaois a sheachaint. | (40) Níor cheart síolta a mhargú ach amháin má bhíonn siad i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta. Níor cheart iad a lipéadú ná a mhargú ach amháin agus iad i bpacáistí séalaithe, chun gur féidir iad a shainaithint go hiomchuí, chomh maith lena gcáilíocht agus inrianaitheacht, agus chun calaois ***agus éilliú*** a sheachaint. |

**Leasú 11**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cuidiú le foraoisí athléimneacha a chruthú, bithéagsúlacht a chaomhnú agus éiceachórais foraoise a athchóiriú; | (b) cuidiú le foraoisí athléimneacha ***agus táirgiúla*** a chruthú, bithéagsúlacht a chaomhnú ***agus a fheabhsú*** agus éiceachórais foraoise ***agus a bhfeidhmiú*** a athchóiriú ***trí éagsúlachtaí géiniteacha idirspeiceasacha agus inspeiceasacha a chur chun cinn***; |

**Leasú 12**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) aon fhorbairt ar eolas teicniúil nó eolaíochta. | (b) aon fhorbairt ***ábhartha*** ar eolas teicniúil nó eolaíochta. |

**Leasú 13**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'ábhar atáirgthe foraoise' ('FRM') buaircíní, torthú bláthra, torthaí ***agus síolta atá beartaithe le haghaidh tháirgeadh an stoic atá le cur***, a bhaineann le speicis chrainn agus hibridí saorga díobh a liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán seo agus a úsáidtear le haghaidh foraoisiú, athfhoraoisiú agus bealaí eile ina gcuirtear crainn ar aon cheann de na cuspóirí seo a leanas: | (1) ciallaíonn 'ábhar atáirgthe foraoise' ('FRM') ***aonaid síolta, codanna de phlandaí agus stoc le cur,*** buaircíní, torthú bláthra, torthaí, a bhaineann le speicis chrainn agus hibridí saorga díobh a liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán seo agus a úsáidtear le haghaidh foraoisiú, athfhoraoisiú***,*** agus bealaí eile ina gcuirtear crainn ***agus ina ndéantar síolú díreach ar thalamh atá aicmithe mar 'fhoraois'*** ar mhaithe le haon cheann de na cuspóirí seo a leanas: |

**Leasú 14**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) caomhnú na bithéagsúlachta; | (b) caomhnú ***agus feabhsú*** na bithéagsúlachta; |

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) tacú le feidhmiú éiceachórais na bhforaoisí;*** |

**Leasú 16**
**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) éiceachórais foraoise a athchóiriú; | (c) éiceachórais foraoise ***agus coillearnach eile*** a athchóiriú; |

**Leasú 17**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) córais agrafhoraoiseachta a chur ar bun nó a athchóiriú;*** |

**Leasú 18**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 a) ciallaíonn 'agrafhoraoiseacht' crainn a chur ar thalamh talmhaíochta gan aicmiú na talún sin a athrú.*** |

**Leasú 19**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) ciallaíonn 'saor, geall leis, ó lotnaidí' a bheith ***iomlán*** saor ó lotnaidí, nó staid ina mbeidh an líon ***lotnaidí cáilíochta ar an*** ábhar atáirgthe foraoise sin chomh híseal sin nach ndéanann na lotnaidí sin difear díobhálach do cháilíocht an ábhair atáirgthe foraoise sin. | (47) ciallaíonn 'saor, geall leis, ó lotnaidí' a bheith saor ó lotnaidí, nó staid ina mbeidh an líon ***lotnaidí a dhéanann difear don cháilíocht san*** ábhar atáirgthe foraoise sin chomh híseal sin nach ndéanann na lotnaidí sin difear díobhálach do cháilíocht an ábhair atáirgthe foraoise sin. |

**Leasú 20**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 8 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(e) ábhar atáirgthe foraoise i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe e – pointe iii b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii b) déanann an tÚdarás Inniúil an t-ábhar a fhormheas*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe e – pointe iii c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii c) tá sé lipéadaithe mar TGN*** |

**Leasú 23**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) beidh an t-ábhar atáirgthe foraoise de thionscnamh atá oiriúnaithe go nádúrtha do na dálaí áitiúla agus réigiúnacha; agus | (b) beidh an t-ábhar atáirgthe foraoise de thionscnamh atá oiriúnaithe go nádúrtha do na dálaí áitiúla agus réigiúnacha***, nó oiriúnaithe don sprioc maidir le himirce chuidithe i gcás inarb ábhartha***; agus |

**Leasú 24**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) baileofar an t-ábhar atáirgthe | (c) Baileofar an t-ábhar atáirgthe |

foraoise ó ***phlandaí uile*** an bhunábhair faoina dtugtar fógra.

foraoise ó ***líon uasta plandaí*** an bhunábhair faoina dtugtar fógra***, ar líon é atá ard go leor chun éagsúlacht ghéiniteach an speicis a chaomhnú***.

**Leasú 25**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na húdaráis inniúla údarú sealadach a thabhairt i ndáil le margú ábhair atáirgthe foraoise a dhíorthaítear ón mbunábhar formheasta nach gcomhlíonann ceanglais uile na catagóire iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 5(1), tar éis ghlacadh an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 2. | Féadfaidh na húdaráis inniúla údarú sealadach a thabhairt***, le haghaidh tréimhse nach faide ná 3 bliana,*** i ndáil le margú ábhair atáirgthe foraoise a dhíorthaítear ón mbunábhar formheasta nach gcomhlíonann ceanglais uile na catagóire iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 5(1), tar éis ghlacadh an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 2. |

**Leasú 26**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Plean ***teagmhais*** agus clár náisiúnta | Plean ***coisctheach agus teagmhasach*** agus clár náisiúnta |

**Leasú 27**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh gach Ballstát plean ***teagmhais*** amháin nó níos mó a tharraingt suas chun soláthar leordhóthanach ábhair atáirgthe foraoise a áirithiú chun limistéir a athfhoraoisiú a ndearna teagmhais adhaimsire, falscaithe, ráigeanna de ghalair agus de lotnaidí, tubaistí nó aon teagmhas eile difear dóibh, de réir mar is ábhartha agus a shainaithnítear sna measúnuithe riosca náisiúnta arna bhforbairt i gcomhréir | Déanfaidh gach Ballstát plean ***coisctheach agus teagmhasach*** amháin nó níos mó a tharraingt suas chun soláthar leordhóthanach ábhair atáirgthe foraoise***, ó thaobh cainníochta agus líon speiceas de,*** a áirithiú chun limistéir a athfhoraoisiú a ndearna teagmhais adhaimsire, falscaithe, ráigeanna de ghalair agus de lotnaidí, tubaistí nó aon teagmhas eile difear dóibh, de réir mar is ábhartha agus a |

| | |
|---|---|
| le hAirteagal 6(1) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE[39]. | shainaithnítear sna measúnuithe riosca náisiúnta arna bhforbairt i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE[39]. |
| 39 IO L 347, 20.12.2013, lch. 924. | 39 IO L 347, 20.12.2013, lch. 924. |

**Leasú 28**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ullmhófar an plean ***teagmhais*** sin le haghaidh na speiceas crainn sin agus na hibridí saorga díobh a liostaítear in Iarscríbhinn I, a ***mheastar*** iad a bheith oiriúnach do na dálaí aeráide agus éiceolaíocha atá ann faoi láthair agus do na dálaí aeráide agus éiceolaíocha a réamh-mheastar don todhchaí sa Bhallstát lena mbaineann. | Ullmhófar an plean ***coisctheach agus teagmhasach*** sin le haghaidh na speiceas crainn sin agus na hibridí saorga díobh a liostaítear in Iarscríbhinn I, a ***dtoimhdítear*** iad a bheith oiriúnach do na dálaí aeráide agus éiceolaíocha atá ann faoi láthair agus do na dálaí aeráide agus éiceolaíocha a réamh-mheastar don todhchaí sa Bhallstát lena mbaineann ***mar gheall, go háirithe, ar a n-éagsúlacht láidir inspeiceasach***. |

**Leasú 29**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfear san áireamh leis an bplean ***teagmhais dáileadh réamh-mheasta*** na speiceas crann ábhartha agus hibridí saorga ábhartha díobh don todhchaí, ar bhonn samhlacha aeráide náisiúnta agus/nó réigiúnacha don Bhallstát lena mbaineann. | Cuirfear san áireamh leis an bplean ***coisctheach agus teagmhasach cásanna éagsúla de dháileadh*** na speiceas crann ábhartha agus hibridí saorga ábhartha díobh don todhchaí, ar bhonn ***na*** samhlacha aeráide náisiúnta agus/nó réigiúnacha don Bhallstát lena mbaineann. ***Tabharfar tosaíocht leis d'fhoraoisí ilspeiceas a athphlandú le hábhar atáirgthe foraoise ó bhunáitíocht atá oiriúnach chun oiriúnú don athrú aeráide a chumasú.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle, ag tráth iomchuí, leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile nuair a bheidh pleananna ***teagmhais*** den sórt sin á ndréachtú agus á gcoinneáil cothrom le dáta acu. | 2. Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle, ag tráth iomchuí, leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile***, go háirithe táirgeoirí ábhair atáirgthe foraoise, úinéirí foraoise, gníomhaithe eacnamaíocha, comhlachais chomhshaoil,*** nuair a bheidh pleananna ***coisctheacha agus teagmhasacha*** den sórt sin á ndréachtú agus á gcoinneáil cothrom le dáta acu. |

**Leasú 31**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áireofar sa phlean teagmhais na nithe seo a leanas: | Áireofar sa phlean coisctheach agus teagmhasach na nithe seo a leanas: |

**Leasú 32**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) róil agus freagrachtaí na gcomhlachtaí atá bainteach le cur i gcrích an phlean ***teagmhas*** i gcás aon teagmhais ina mbeadh ganntanas mór ar ábhar atáirgthe foraoise, chomh maith leis an slabhra ceannais agus na nósanna imeachta le haghaidh comhordú gníomhartha atá le glacadh ag údaráis inniúla, ag údaráis phoiblí eile, ag comhlachtaí tarmligthe nó ag daoine nádúrtha atá bainteach, saotharlanna agus oibreoirí gairmiúla, lena n-áirítear comhordú le Ballstáit chomharsanachta agus tríú tíortha comharsanachta, i gcás inarb iomchuí; | (a) róil agus freagrachtaí na gcomhlachtaí atá bainteach le cur i gcrích an phlean ***choiscthigh agus theagmhasaigh*** i gcás aon teagmhais ina mbeadh ganntanas mór ar ábhar atáirgthe foraoise, chomh maith leis an slabhra ceannais agus na nósanna imeachta le haghaidh comhordú gníomhartha atá le glacadh ag údaráis inniúla, ag údaráis phoiblí eile, ag comhlachtaí tarmligthe nó ag daoine nádúrtha atá bainteach, saotharlanna agus oibreoirí gairmiúla, lena n-áirítear comhordú le Ballstáit chomharsanachta agus tríú tíortha comharsanachta, i gcás inarb iomchuí; |

**Leasú 33**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) straitéis athléimneachta atá dírithe ar leochaileachtaí a shainaithint agus a bhféadfadh maoiniú beart coisctheach arna soláthar ag na húdaráis inniúla a bheith mar thoradh uirthi, amhail láithreáin stórála síolta agus plandlanna a dhéanamh níos sláine, agus líon na láithreán stórála agus na bplandlann a mhéadú;*** |

**Leasú 34**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) rochtain na n-údarás inniúil ar sholáthairtí ábhair atáirgthe foraoise a coinníodh chun críche pleanála ***teagmhais***, áitribh oibreoirí gairmiúla, go háirithe plandlanna foraoise agus saotharlanna a tháirgeann ábhar atáirgthe foraoise, oibreoirí ábhartha eile agus daoine nádúrtha; | (b) rochtain na n-údarás inniúil ar sholáthairtí ábhair atáirgthe foraoise a coinníodh chun críche pleanála ***coiscthí agus teagmhasaí***, áitribh oibreoirí gairmiúla, go háirithe plandlanna foraoise agus saotharlanna a tháirgeann ábhar atáirgthe foraoise, oibreoirí ábhartha eile agus daoine nádúrtha; |

**Leasú 35**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 – fomhír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) prionsabail a bhaineann le hoiliúint a chur ar phearsanra na n-údarás inniúil agus, i gcás inarb iomchuí, na gcomhlachtaí, na n-údarás poiblí, ***saotharlanna***, oibreoirí gairmiúla agus daoine eile dá dtagraítear i bpointe (a). | (h) prionsabail a bhaineann le hoiliúint a chur ar phearsanra na n-údarás inniúil agus, i gcás ***ina bhfuil fáil orthu agus*** inarb iomchuí, ***pearsanra*** na gcomhlachtaí, na n-údarás poiblí, ***na saotharlann***, oibreoirí gairmiúla agus daoine eile dá dtagraítear i bpointe (a). |

**Leasú 36**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh Ballstáit athbhreithniú ***rialta*** agus nuashonróidh siad a gcuid pleananna teagmhais ***i gcás inarb iomchuí*** chun forbairtí teicniúla agus eolaíochta a chur san áireamh i ndáil le samhlacha aeráide a thugann aghaidh ar dháileadh réamh-mheasta na speiceas crann ábhartha agus hibridí saorga ábhartha díobh don todhchaí. | Déanfaidh ***na*** Ballstáit athbhreithniú agus***, i gcás inarb iomchuí,*** nuashonróidh siad a gcuid pleananna ***teagmhasacha gach 4 bliana*** chun forbairtí teicniúla agus eolaíochta a chur san áireamh i ndáil le samhlacha aeráide a thugann aghaidh ar dháileadh réamh-mheasta na speiceas crann ábhartha agus hibridí saorga ábhartha díobh don todhchaí. |

**Leasú 37**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunóidh na Ballstáit clár náisiúnta: | Bunóidh na Ballstáit clár náisiúnta***, de réir mar a leagtar amach in Airteagal 12***: |

**Leasú 38**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) lena gcuirfear san áireamh dáileadh réamh-mheasta na speiceas crann ábhartha sin agus hibridí saorga ábhartha díobh don todhchaí. | (b) lena gcuirfear san áireamh ***na cásanna*** réamh-mheasta ***éagsúla de dháileadh féideartha*** na speiceas crann ábhartha sin agus hibridí saorga ábhartha díobh don todhchaí. |

**Leasú 39**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar lena chéile agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile i ndáil le bunú a bpleananna | 5. Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar lena chéile agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile i ndáil le bunú a bpleananna |

| | |
|---|---|
| ***teagmhais***, ar bhonn mhalartú na ndea-chleachtas agus na taithí a fuarthas ó bhunú na bpleananna sin. | ***coisctheacha agus teagmhasacha***, ar bhonn mhalartú na ndea-chleachtas agus na taithí a fuarthas ó bhunú na bpleananna sin. |

**Leasú 40**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Cuirfidh na Ballstáit a bpleananna teagmhasacha ar fáil don Choimisiún, na Ballstáit eile agus na hoibreoirí gairmiúla ábhartha uile trína bhfoilsiú in FOREMATIS. | 6. Cuirfidh na Ballstáit a bpleananna ***coisctheacha agus*** teagmhasacha ar fáil don Choimisiún, na Ballstáit eile agus na hoibreoirí gairmiúla ábhartha uile trína bhfoilsiú in FOREMATIS. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2 – pointe i – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***planda*** géinmhodhnaithe; nó | (i) ***orgánach*** géinmhodhnaithe ***nó ina bhfuil orgánach géinmhodhnaithe***; nó |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2 – pointe i – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) planda TGN; | (ii) planda TGN ***nó ina bhfuil planda TGN***; |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2 – pointe j a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(j a) más infheidhme, na cearta maoine intleachtúla atá ann maidir leis an ábhar*** |

| | |
|---|---|
| | ***atáirgthe foraoise.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 2 – pointe k – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***planda géinmhodhnaithe***; | (i) ***arb é atá ann orgánaigh ghéinmhodhnaithe nó a bhfuil orgánaigh ghéinmhodhnaithe iontu***; |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 2 – pointe k – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) ***planda*** TGN. | (ii) ***arb é atá ann plandaí*** TGN ***nó a bhfuil plandaí TGN ann***. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 2 – pointe k – pointe ii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii a) más infheidhme, na cearta maoine intleachtúla atá ann maidir leis an ábhar atáirgthe foraoise*** |

**Leasú 47**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní fhéadfar aonaid síolta a mhargú ach amháin i bpacáistí séalaithe a bheidh neamhfhóinteach tráth a n-osclófar an pacáiste. | Ní fhéadfar aonaid síolta a mhargú ach amháin i bpacáistí séalaithe a bheidh neamhfhóinteach tráth a n-osclófar an pacáiste ***chun milleadh nó lobhadh an*** |

| | |
|---|---|
| | ***ábhair atáirgthe foraoise a sheachaint*.** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 4, ***féadfaidh*** an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, údarú a thabhairt do na Ballstáit, a mhéid a bhaineann leis na ceanglais le haghaidh fhormheas an bhunábhair agus le haghaidh tháirgeadh an ábhair atáirgthe foraoise, ceanglais níos déine maidir le táirgeadh ná na cinn siúd dá dtagraítear san Airteagal sin a ghlacadh, i gcríoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann nó i gcuid di. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(2). | 1. De mhaolú ar Airteagal 4, ***déanfaidh*** an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, údarú a thabhairt do na Ballstáit, a mhéid a bhaineann leis na ceanglais le haghaidh fhormheas an bhunábhair agus le haghaidh tháirgeadh an ábhair atáirgthe foraoise, ceanglais níos déine maidir le táirgeadh ná na cinn siúd dá dtagraítear san Airteagal sin a ghlacadh, i gcríoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann nó i gcuid di. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(2). |

**Leasú 49**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 3 – pointe a – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) cosaint an chomhshaoil: oiriúnú don athrú aeráide ***nó rannchuidiú leis an iarracht chun*** bithéagsúlacht ***a chosaint*** agus éiceachórais foraoise a athchóiriú; | (ii) cosaint an chomhshaoil: oiriúnú don athrú aeráide***,*** bithéagsúlacht ***a fheabhsú,*** agus éiceachórais foraoise a athchóiriú ***nó tacú le feidhmiú éiceachórais na bhforaoisí***; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I** *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| |
|---|
| Abies alba Mill. |
| Abies cephalonica Loud. |
| Abies grandis Lindl. |
| Abies pinsapo Boiss. |

| |
|---|
| Acer platanoides L. |
| Acer pseudoplatanus L. |
| Alnus glutinosa Gaertn. |
| Alnus incana Moench. |
| Betula pendula Roth. |
| Betula pubescens Ehrh. |
| Carpinus betulus L. |
| Castanea sativa Mill. |
| Cedrus atlantica Carr. |
| Cedrus libani A. Richard |
| Fagus sylvatica L. |
| Fraxinus angustifolia Vahl. |
| Fraxinus excelsior L. |
| Larix decidua Mill. |
| Larix x eurolepis Henry |
| Larix kaempferi Carr. |
| Larix sibirica Ledeb. |
| Picea abies Karst. |
| Picea sitchensis Carr. |
| Pinus brutia Ten. |
| Pinus canariensis C. Smith |
| Pinus cembra L. |
| Pinus contorta Loud |
| Pinus halepensis Mill. |
| Pinus leucodermis Antoine |
| Pinus nigra Arnold |
| Pinus pinaster Ait. |
| Pinus pinea L. |
| Pinus radiata D. Don |
| Pinus sylvestris L. |
| Populus spp. et hybrides artificiels de ces essences |
| Prunus avium L. |
| Pseudotsuga menziesii Franco |
| Quercus cerris L. |
| Quercus ilex L. |
| Quercus petraea Liebl. |
| Quercus pubescens Willd. |
| Quercus robur L. |
| Quercus rubra L. |
| Quercus suber L. |
| Robinia pseudoacacia L. |
| Tilia cordata Mill. |
| Tilia platyphyllos Scop. |

*Amendment*

| |
|---|
| Abies alba Mill. |

| |
|---|
| ***Abies bornmulleriana*** |
| Abies cephalonica Loud. |
| Abies grandis Lindl. |
| Abies pinsapo Boiss. |
| ***Acer campestre*** |
| Acer platanoides L. |
| Acer pseudoplatanus L. |
| ***Alnus cordata*** |
| Alnus glutinosa Gaertn. |
| Alnus incana Moench. |
| Betula pendula Roth. |
| Betula pubescens Ehrh. |
| Carpinus betulus L. |
| Castanea sativa Mill. |
| Cedrus atlantica Carr. |
| Cedrus libani A. Richard |
| ***Eucalyptus globulus*** |
| ***Eucalyptus gunni*** |
| ***Eucalyptus gunnii x dalrympleana hybrid*** |
| ***Eucalyptus nitens*** |
| Fagus sylvatica L. |
| Fraxinus angustifolia Vahl. |
| Fraxinus excelsior L. |
| ***Juglans major x regia*** |
| ***Juglans nigra*** |
| ***Juglans nigra x regia*** |
| ***Juglans regia*** |
| Larix decidua Mill. |
| Larix x eurolepis Henry |
| Larix kaempferi Carr. |
| Larix sibirica Ledeb. |
| ***Malus sylvestris*** |
| Picea abies Karst. |
| Picea sitchensis Carr. |
| Pinus brutia Ten. |
| Pinus canariensis C. Smith |
| Pinus cembra L. |
| Pinus contorta Loud |
| Pinus halepensis Mill. |
| Pinus leucodermis Antoine |
| Pinus nigra Arnold |
| Pinus pinaster Ait. |
| Pinus pinea L. |
| Pinus radiata D. Don |
| Pinus sylvestris L. |
| ***Pinus taeda*** |
| ***Populus nigra*** |

| |
|---|
| Populus spp. et hybrides artificiels de ces essences |
| ***Populus tremula*** |
| Prunus avium L. |
| Pseudotsuga menziesii Franco |
| Quercus cerris L. |
| Quercus ilex L. |
| Quercus petraea Liebl. |
| Quercus pubescens Willd. |
| Quercus robur L. |
| Quercus rubra L. |
| Quercus suber L. |
| Robinia pseudoacacia L. |
| ***Sorbus domestica*** |
| ***Sorbus torminalis*** |
| Tilia cordata Mill. |
| Tilia platyphyllos Scop. |

*Réasúnú*

**Leasú 51**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid B – pointe 6 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Beidh na crainn saor, geall leis, ó lotnaidí agus na siomptóim a ghabhann leo agus beidh siad frithsheasmhach i ndáil le dálaí ***suímh*** díobhálacha san áit a mbeidh siad ag fás. | (b) Beidh na crainn saor, geall leis, ó lotnaidí ***a dhéanann difear don cháilíocht*** agus na siomptóim a ghabhann leo agus beidh siad frithsheasmhach i ndáil le dálaí díobhálacha ***aeráide agus suíomh-sonracha*** san áit a mbeidh siad ag fás. |

## IARSCRÍBHINN: ENTITÉS OU PERSONNES DONT LE RAPPORTEUR POUR AVIS A REÇU DES CONTRIBUTIONS

| Liste des entités ou personnes ayant apporté leur contribution au rapporteur |
|---|
| UCFF - Union des Coopératives Forestières Françaises |
| France Bois Forêt |
| Office National des Fôrets |
| Euraf - European Agroforestry Federation |
| Université de Picardie |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/2031 agus 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/105/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise) |
| **Tagairtí** | COM(2023)0415 – C9-0237/2023 – 2023/0228(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>19.10.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>19.10.2023 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 19.10.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Christophe Clergeau<br>24.10.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 11.1.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 11.3.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 63<br>–: 3<br>0: 17 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Catherine Amalric, Mathilde Androuët, Maria Arena, Margrete Auken, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Nathalie Colin-Oesterlé, Christian Doleschal, Bas Eickhout, Pietro Fiocchi, Heléne Fritzon, Andreas Glück, Catherine Griset, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Adam Jarubas, Karin Karlsbro, Ewa Kopacz, Peter Liese, Javi López, César Luena, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Marian-Jean Marinescu, Lydie Massard, Liudas Mažylis, Marina Mesure, Tilly Metz, Dolors Montserrat, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Henk Jan Ormel, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, María Soraya Rodríguez Ramos, Sándor Rónai, Maria Veronica Rossi, Laurence Sailliet, Silvia Sardone, Günther Sidl, Ivan Vilibor Sinčić, Nils Torvalds, Edina Tóth, Nikolaj Villumsen, Anders Vistisen, Mick Wallace, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Stefania Zambelli |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Matteo Adinolfi, João Albuquerque, Stefan Berger, Biljana Borzan, Mercedes Bresso, Milan Brglez, Martin Buschmann, Cristian-Silviu Buşoi, Catherine Chabaud, Asger Christensen, Dacian Cioloş, Christophe Clergeau, Deirdre Clune, Gilbert Collard, Antoni Comín i Oliveres, Rosanna Conte, Beatrice Covassi, Gianantonio Da Re, Ivan David, Margarita de la Pisa Carrión, Anna Deparnay-Grunenberg, Estrella Durá Ferrandis, Giuseppe Ferrandino, Laura Ferrara, Cindy Franssen, Claudia Gamon, Matteo Gazzini, Jens Gieseke, Sunčana Glavak, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Martin Häusling, Romana Jerković, Irena Joveva, Radan Kanev, Karol Karski, Billy Kelleher, Ska Keller, Martine Kemp, Ondřej Knotek, Kateřina Konečná, Stelios Kympouropoulos, Danilo Oscar Lancini, Norbert Lins, Fulvio Martusciello, Marisa Matias, Sara Matthieu, Radka |

| | |
|---|---|
| | Maxová, Dace Melbārde, Nuno Melo, Marlene Mortler, Dan-Ştefan Motreanu, Ulrike Müller, Dan Nica, Max Orville, Demetris Papadakis, Aldo Patriciello, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, João Pimenta Lopes, Rovana Plumb, Manuela Ripa, Robert Roos, Marcos Ros Sempere, Massimiliano Salini, Christel Schaldemose, Andrey Slabakov, Vincenzo Sofo, Tomislav Sokol, Susana Solís Pérez, Nicolae Ştefănuță, Annalisa Tardino, Hermann Tertsch, François Thiollet, Róża Thun und Hohenstein, Grzegorz Tobiszowski, Marie Toussaint, István Ujhelyi, Inese Vaidere, Idoia Villanueva Ruiz, Sarah Wiener, Jadwiga Wiśniewska |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Marie Dauchy, Sylvie Guillaume, Alessandro Panza, Rob Rooken, Dorien Rookmaker, Bert-Jan Ruissen, Evžen Tošenovský |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 63 | + |
|---|---|
| ECR | Sergio Berlato, Pietro Fiocchi, Rob Rooken, Dorien Rookmaker, Robert Roos, Bert-Jan Ruissen, Evžen Tošenovský |
| ID | Alessandro Panza, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone, Anders Vistisen |
| NI | Edina Tóth |
| PPE | Traian Băsescu, Cristian-Silviu Buşoi, Nathalie Colin-Oesterlé, Christian Doleschal, Adam Jarubas, Ewa Kopacz, Peter Liese, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Dolors Montserrat, Marlene Mortler, Ljudmila Novak, Henk Jan Ormel, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Laurence Sailliet, Pernille Weiss, Stefania Zambelli |
| Renew | Catherine Amalric, Pascal Canfin, Andreas Glück, Jan Huitema, Karin Karlsbro, Ondřej Knotek, María Soraya Rodríguez Ramos, Nils Torvalds, Emma Wiesner |
| S&D | João Albuquerque, Maria Arena, Marek Paweł Balt, Milan Brglez, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Christophe Clergeau, Beatrice Covassi, Heléne Fritzon, Sylvie Guillaume, Javi López, César Luena, Sándor Rónai, Günther Sidl, Tiemo Wölken |
| The Left | Malin Björk, Anja Hazekamp, Marina Mesure, Idoia Villanueva Ruiz, Nikolaj Villumsen, Mick Wallace |

| 3 | - |
|---|---|
| Renew | Martin Hojsík, Róża Thun und Hohenstein, Michal Wiezik |

| 17 | 0 |
|---|---|
| ECR | Grzegorz Tobiszowski |
| ID | Mathilde Androuët, Aurélia Beigneux, Marie Dauchy, Catherine Griset |
| NI | Ivan Vilibor Sinčić |
| PPE | Alexander Bernhuber |
| Verts/ALE | Margrete Auken, Bas Eickhout, Pär Holmgren, Ska Keller, Lydie Massard, Tilly Metz, Ville Niinistö, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Manuela Ripa |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/105/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise) |
| **Tagairtí** | COM(2023)0415 – C9-0237/2023 – 2023/0228(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 6.7.2023 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>19.10.2023 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>19.10.2023 |
| **Coistí comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>19.10.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Herbert<br>Dorfmann<br>29.8.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 30.8.2023 27.11.2023 24.1.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 19.3.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 32<br>–: 1<br>0: 9 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Benoît Biteau, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Herbert Dorfmann, José Manuel Fernandes, Paola Ghidoni, Dino Giarrusso, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Camilla Laureti, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Colm Markey, Marlene Mortler, Maria Noichl, Juozas Olekas, Bronis Ropė, Katarína Roth Neveďalová, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Bernhuber, Christophe Clergeau, Tilly Metz, Riho Terras, Irène Tolleret, Tom Vandenkendelaere |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Erik Poulsen, Inma Rodríguez-Piñero, Domènec Ruiz Devesa |
| **Dáta don chur síos** | 21.3.2024 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 32 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Krzysztof Jurgiel, Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová |
| NI | Dino Giarrusso, Katarína Roth Neveďalová |
| PPE | Daniel Buda, Herbert Dorfmann, José Manuel Fernandes, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Colm Markey, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Riho Terras, Tom Vandenkendelaere, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Atidzhe Alieva-Veli, Jérémy Decerle, Martin Hlaváček, Elsi Katainen, Erik Poulsen, Irène Tolleret |
| S&D | Clara Aguilera, Isabel Carvalhais, Christophe Clergeau, Paolo De Castro, Camilla Laureti, Maria Noichl, Juozas Olekas, Inma Rodríguez-Piñero, Domènec Ruiz Devesa |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Ivan David |

| 9 | 0 |
|---|---|
| ID | Paola Ghidoni, Gilles Lebreton |
| PPE | Alexander Bernhuber, Marlene Mortler |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Martin Häusling, Tilly Metz, Bronis Ropė, Sarah Wiener |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh